

# Tuarascáil Bhliantúil 2022

AGUS RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE DE CHUID  
CHUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE AGUS A  
GHNÓTHAIS FOCHUIDEACHTAÍ



### Tomhaltas Iomlán Deiridh (TFC) do 2022:

- 611,503 kWh de leictreachas
- 1,161,581 kWh d'olaí mianracha

### Gníomhartha tógtha i 2022:

- Rinneadh athbhreithniú agus iniúchadh mionsonraithe ar ghníomhaíochtaí oibríochtúla chun aird a tharraingt ar an dul chun cinn a baineadh amach go dtí seo, chun bailíochtú a dhéanamh go raibh tuairisciú reachtúil á chothabháil agus nuair is indéanta, chun deiseanna éifeachtúlachta fuinnimh a shainaithint a bheidh le húsáid ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge (SFPC) chun “treochlár” a fhorbairt chun éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach agus chun rannchuidiú le baint amach spriocanna dícharbónaithe.
- Clár deiseanna féideartha a fhorbairt go foirmiúil a chuideoidh, a mhéid is réasúnach, le spriocanna 2030/2050 an Rialtais a bhaint amach chun astaíochtaí CO2 a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.
- Rinneadh tuilleadh forbartha ar Chreat Inbhuanaitheachta & Athléimneachta Aeráide na gcuideachtaí le Príomh-rialúchán san áireamh anois mar chuid de Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge (SFPC). Tá an creat atá i bhfeidhm deartha chun cloí le moltaí NewERA (An tÚdarás um Gheilleagar Nua agus Um Théarnamh).
- Rannpháirteach san fheachtas “Úsáid Níos Lú” faoi stiúir an Rialtais dírithe ar athrú iompraíochta a thiomáint agus bearta a chur i bhfeidhm chun ídiú fuinnimh a ísliú den eagraíocht.
- An chéad veain tráchtála “EV” (Feithicil Leictreach) de chuid na cuideachta ceannaithe in ionad an innill dócháin inmheánaigh (ICE) traidisiúnta.
- Suiteáladh luchtphointe d’Fheithicilí Leictreacha i Faing chun luchtú feithicilí faoi úinéireacht cuideachta a éascú.
- Leanúint ar aghaidh ag tacú le staidéar acadúla a bhaineann le laghdú astaíochtaí agus éifeachtúlacht fuinnimh.

### Gníomhartha atá Beartaithe do 2023:

- Deiseanna a iniúchadh agus a aithint a chabhróidh le spriocanna 2030/2050 an Rialtais a bhaint amach chun astaíochtaí CO2 a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú.
- Suiteáil luchtphointí d’Fheithicilí Leictreacha ag láithreacha roghnaithe laistigh d’áiseanna Dugaí Fainge & Ted Russel.
- Iniúchadh foirmiúil a dhéanamh ar na buntáistí a d’fhéadfadh a bheith le painéil ghréine ar fhoirgnimh chun leictreachas a ghiniúint agus foinsí breosla malartacha ar nós HVO (Ola Phlandúil hidricóireailte) a úsáid in áit díosal daite.
- Leanúint ar aghaidh ag tacú le feasacht fuinnimh laistigh dár n-áiseanna d’fhonn rannpháirtíocht arís san fheachtas “Úsáid Níos Lú” 2023 faoi stiúir an Rialtais.
- Leanúint ar aghaidh ag tacú le staidéar acadúla a bhaineann le laghdú astaíochtaí agus éifeachtúlacht fuinnimh.
- Smaoineamh a dhéanamh ar roghanna chun comhlíonadh chreat nocht inbhuanaithe roghnaithe agus monatóireacht á dhéanamh ar stádas Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD) de chuid an AE.
- Leanúint ar aghaidh ag mealladh gnólachtaí, tionscal, pobail agus daoine aonair agus iad a spreagadh agus a chumasú chun ceannaireacht a léiriú ar ghníomhaíocht aeráide.

**CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS  
FHAINGE**

**Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis  
Airgeadais Chomhdhlúite**

**An Bhliain Airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2022**

**CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR  
CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

**Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite 2022**

<b>Clár na n-Ábhar</b>	<b>Leathanach</b>
Na Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile	2
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Stiúrthóirí	3-9
Ráiteas Freagrachtaí Stiúrthóirí	10
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	11-15
Ráiteas an Chathaoirligh	16-23
Athbhreithniú Gnó agus Oibriúcháin	24-29
Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách	30-33
Beartais Chuntasáiochta	34-40
Cuntas Brabúis & Cailteanais Chomhdhlúite	41
Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach	42
Clár Comhardaithe Comhdhlúite	43
Clár Comhardaithe an Chuideachta	44
Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe i gCothromas	45
Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe i gCothromas	46
Ráiteas Sreafa Airgid Comhdhlúite	47
Anailís ar Fhiacha Comhdhlúite	48
Nótaí ar na Ráitis Airgeadais	49-66

## CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

### NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS FAISNÉIS EILE

#### Bord

D. McGarry (Cathaoirleach)  
P. Keating (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin)  
R. Leonard  
A. Moran  
D. O'Hara  
J. O'Keefe  
J. Spring  
T. Tynan

#### Rúnaí agus Oifig Chláraithe

E. Stanley  
Oifig an Chuain  
Faing  
Co. Luimnigh

Uimhir Chláraithe: 332414

#### Iniúcháirí Neamhspleácha

Grant Thornton  
Cuntasóirí Cairte & Iniúcháirí Cláraithe  
Mill House  
Sráid Anraí  
Luimneach

#### Bainistíocht

P. Keating      Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
  
J. Carlton      Bainisteoir Seirbhísí Port  
J. Hallissey      Ceannasaí Forbartha Gnó  
E. Stanley      Rialtóir Airgeadais & Rúnaí

#### Dlíodóirí

Harrison O'Dowd  
Estuary House  
Sráid Anraí  
Luimneach

Philip Lee Aturnaetha  
7-8 Ardán Wilton  
Baile Átha Cliath 2

#### Baincéirí

Bainc-Aontas Éireann Cpt  
An Chearnóg  
An Caisleán Nua  
Co. Luimnigh

Bainc-Aontas Éireann Cpt  
106/108 Sráid Uí Chonaill  
Luimneach

Banc na hÉireann  
125 Sráid Uí Chonaill  
Luimneach

#### Achtúirí

Invesco Limited  
4 An Bhruach  
Theas  
Crosses Green  
Corcaigh

## CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

### RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL STIÚRTHÓIRÍ

#### Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Stiúrthóirí

Is cúis áthais do na Stiúrthóirí a dTuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid na Scairshealbhóirí mar aon leis na Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2022.

#### Rialú

Bunaíodh Bord Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge faoin Acht Cuanta 1996. Tá an Bord cuntasach don Aire Iompair agus freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuirtear an cúram seo i bhfeidhm trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus ag déanamh cinntí straitéiseacha ar gach príomhcheist ghnó. Is ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann bhainistíochta shinsearach atá an fhreagracht as bainistíocht, ceannasaíocht agus stiúradh rialta laethúil Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge. Ní mór don POF agus don fhoireann bhainistíochta shinsearach an treo straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an mBord a leanúint agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag comhaltaí uile an Bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na cinntí a bhaineann leis an eintiteas agus ar aon rioscaí suntasacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn. Feidhmíonn an POF mar theagmháil dhíreach idir an Bord agus bainistíocht Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge.

#### Príomhghníomhaíochtaí

Is é cuspóir gnó an Ghrúpa ná sreabhadh na n-earra agus faisnéis rianaithe freastalaithe a éascú ar fud Inbhear na Sionainne. Agus an cuspóir sin á chur san áireamh, soláthraíonn an Grúpa an bonneagar, na háiseanna, na seirbhísí agus an chóiríocht is gá chun freastal ar aistriú éifeachtúil earraí idir iompar talún agus farraige. Gintear ioncam i dtaca le soláthar na n-áiseanna seo ó dhleachtanna soithí agus earraí, ó stíobheadóirí, ó chíos agus ó na seirbhísí coimhdeacha a chuirtear ar fáil.

#### Taifid Chuntasáíochta

Creideann na Stiúrthóirí gur chomhlíon siad ceanglais Ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 maidir le taifid chuntasáíochta a choimeád trí dhaoine a bhfuil saineolas cuí acu a fhostú agus trí acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais. Coinnítear na taifid chuntasáíochta ag seoladh gnó na Cuideachta ag Mill House, Faing, Co. Luimnigh.

#### Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i dTéarmaí Tagartha an Bhoird ina bhfuil na hábhair atá forchoimeáda go sonracha do chinneadh an Bhoird.

Is é cuspóir an Bhoird Stiúrtha ná:

- gníomhú mar chaomhnóirí ar shócmhainní Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge (SFPC) agus chun luach na sócmhainní sin a uasmhéadú;
- straitéis agus oibríochtaí Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a stiúradh;
- gníomhú ar mhaithe le leas Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge agus a páirtithe leasmhara i gcónaí; agus
- a chinntiú go gcleachtar dea-rialachas corparáideach i gcónaí laistigh de Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge agus chun riosca a bhainistiú mar is cuí.

Ba cheart do chomhaltaí an Bhoird gníomhú ar bhonn eolach, de mheon macánta, le dícheall cuí agus cúram, ar mhaithe le leas Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge, faoi réir na gcuspóirí arna leagan síos ag an Rialtas agus gach oibleagáid reachtúil. Tarmligeann Bord Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge údarais agus freagrachtaí don bhainistíocht lena chinntiú go ndéantar gnóthaí na Cuideachta a réachtáil go hordúil, go héifeachtúil agus go héifeachtach.

#### Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Is é polasaí na Cuideachta agus an Ghrúpa téarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a chomhlíonadh ar gach slí ábhartha.

## CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

### RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN.)

#### Athbhreithniú ar an nGnó

Tá athbhreithniú mionsonraithe ar oibríochtaí an Ghrúpa leagtha amach ar leathanaigh 24-29.

#### Forbairtí sa Tódhchaí

Tá straitéis an Ghrúpa dírithe ar a ghníomhaíochtaí a fhorbairt in Inbhear na Sionainne agus leanfar leis sin sna blianta amach romhainn.

#### Teagmhas tar éis Cláir Comhardaithe

Ní raibh aon imeachtaí suntasacha ag dul i bhfeidhm ar an ngrúpa ó dheireadh na bliana.

#### Torthaí agus Díbhinní

Léiríonn an cuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais torthaí an Ghrúpa don bhliain ar leathanach 41.

D'íoc an Grúpa díbhinn sa bhliain 2022 arbh ionann é agus €400,000, agus ba é seo an díbhinn ab airde riamh a d'íoc an Grúpa leis an Státchiste.

#### Instealladh Caipitil

Léirigh sé seo an difríocht idir glanluach leabhar na sócmhainní a glacadh ar láimh ar an Lá Dáilsithe (17 Meán Fómhair 2000) agus an scairchaipiteal eisithe ag an am sin.

Suibscríobh an scairshealbhóir €3,809,214 do ghnáthscaireanna de €1.269738 an ceann i rith na bliana dar críoch 2001. Leithroinneadh scaireanna i leith na suime seo i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2002 mar seo a leanas:

3,047,371 Gnáthscair de €1.25 an ceann

Ina theannta sin, eisíodh 11,246,513 Gnáthscaireanna de €1.25 an ceann as an instealladh caipitil amhail an 31 Nollaig 2001.

#### Taighde agus Forbairt

Tá an Grúpa tiomanta do Thaighde agus Forbairt ar mhaithe leis an gcustaiméir agus leis an gcomhshaol.

#### Fochuideachta

Tá sonraí na fochuideachta de Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge leagtha amach i nóta 12 de na ráitis airgeadais.

#### Ráiteas ar Fhaisnéis Iniúcháireachta Ábhartha

Tá sé deimhnithe ag gach duine de na daoine atá ina Stiúrthóirí ag an am a gceadaítear tuarascáil na Stiúrthóirí:

- a mhéid is eol don Stiúrthóir sin, nach bhfuil aon fhaisnéis iniúcháireachta ábhartha ann nach bhfuil iniúcháirí na Cuideachta ar an eolas faoi agus
- go bhfuil gach beart déanta ag an Stiúrthóir ar chóir a bheith déanta aige mar Stiúrthóir chun a bheith feasach ar aon fhaisnéis iniúcháireachta ábhartha agus a fháil amach an bhfuil iniúcháirí na Cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

#### Iniúcháirí

Leanann na hiniúcháirí Grant Thornton, in oifig de réir alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014.

## CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

### RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN.)

#### Struchtúr an Bhoird & Príomhathruithe Pearsanra

De réir alt 326 agus alt 329 d'Acht na gCuideachtaí 2014, ba iad seo a leanas na Stiúrthóirí a d'fhóin ag aon am i rith na bliana airgeadais agus leas na Stiúrthóirí agus an Rúnaí i scaireanna na ngnóthas Cuideachta agus an Ghrúpa agus na gluaiseachtaí iontu i rith na bliana airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2022:

D. McGarry Cathaoirleach (D'éirigh sé as ar an 5 Nollaig 2022, athcheapadh é ar feadh téarma bliana, 8 Nollaig 2022)

P. Keating, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

J. Coleman (D'éirigh sé as ar an 4 Feabhra 2022)

R. Leonard (Ceapadh é ar feadh téarma 5 bliana, 10 Lúnasa 2022)

D. O'Hara (Ceapadh ar feadh téarma 5 bliana, 30 Samhain 2020)

J. O'Keefe (Ceapadh é ar feadh téarma 5 bliana, 30 Samhain 2020)

J. Spring (D'éirigh sé as ar an 4 Feabhra 2022, athcheapadh é ar feadh téarma 5 bliana, 8 Aibreán 2022)

T. Treacy (Ceapadh é ar feadh téarma 5 bliana, 17 Eanáir 2018, d'éirigh sé as ar an 16 Eanáir 2023)

T. Tynan (Ceapadh é ar feadh téarma 5 bliana, 10 Lúnasa 2022)

Níl aon leas tairbhiúil ag na Stiúrthóirí ná ag an Rúnaí, lena n-áirítear leas teaghlaigh, i scairchaipiteal na Cuideachta nó a fochuideachta ag an 31 Nollaig 2021 agus 31 Nollaig 2022.

Tá dhá choiste bunaithe ag an mBord, mar seo a leanas:

- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC): le triúr go ceathrar comhalta Boird neamhfheidhmiúcháin i rith 2022. Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca bunaithe ag Bord Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge chun tacú leo ina bhfreagrachtaí maidir le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais trí athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar dhearbhuíthe chun freastal ar riachtanais dearbhaithe an Bhoird agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar iontaofacht agus sláine na ndearbhuithe sin. Is ról comhairleach é ról an ARC (Coiste Iniúchóireachta agus Riosca) agus ní scaoileann sé an Bord Stiúrthóirí óna bhfreagrachtaí. Tá an ARC (Coiste Iniúchóireachta agus Riosca) neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Áirithíonn an Coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an ARC (Coiste Iniúchóireachta agus Riosca) don Bhord tar éis gach cruinniú agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Ba iad baill an ARC (Coiste Iniúchóireachta agus Riosca) do 2022 ná: Judith Spring (Cathaoirleach agus ball go dtí 4 Feabhra agus ón 8 Aibreán), John Coleman (go dtí 4 Feabhra), R. Leonard (ón 21 Deireadh Fómhair), D. McGarry (ón 18 Feabhra go dtí 8 Aibreán), Deirdre O'Hara agus Tom Treacy. Bhí 4 chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca i 2022.

- Coiste Luach Saothair: le triúr go ceathrar comhalta Boird neamhfheidhmiúcháin i rith 2022. Ba iad baill an Choiste seo do 2022 ná: David McGarry (Cathaoirleach agus ball go dtí 5 Nollaig agus ón 8 Nollaig), John Coleman (go dtí 4 Feabhra), J. O'Keefe (ón 17 Meitheamh), Judith Spring (go dtí 4 Feabhra agus ón 8 Aibreán) agus Tom Tynan (ón 21 Deireadh Fómhair). Tháinig an Coiste Luach Saothair le chéile dhá uair i 2022.



**CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

**RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN.)**

**Sceideal Freastail, Táillí agus Costais**

Tá sceideal freastail ag cruinnithe an Bhoird agus an Choiste do 2022 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fhaigheann gach ball:

	<b>Bord</b>	<b>Bord Neamhfheidhmiúcháin</b>	<b>Coiste Iniúcháin agus Riosca</b>	<b>Coiste Luach Saothair</b>	<b>Táillí 2022 €</b>	<b>Costais 2022 €</b>
Líon na gcruinnithe	8	2	4	2		
D. McGarry	8	2	2	2	12,600	1,787
J. Coleman					675	
R. Leonard	3	2	1		3,188	38
P. Keating	7				8,100	
D. O'Hara	7	2	4		8,100	823
J. O'Keeffe	8	2		2	-	1,457
J. Spring	6	2	2	2	6,750	
T. Treacy	7	1	4		8,100	
T. Tynan	3	1			-	
					<b>47,513</b>	<b>4,105</b>

**Nótaí:**

Arna cheapadh ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca ar an 18 Feabhra agus ag éirí as an gCoiste ar an 8 Aibreán, bhí D. McGarry i dteideal freastail ar dhá Chruinniú Coiste Iniúcháireachta & Riosca amháin.

Ag éirí as ar an 4 Feabhra, ní raibh J. Coleman i dteideal freastail ar aon cheann de chruinnithe an Bhoird ná an Choiste a tionóladh i rith na bliana.

Arna cheapadh ar an mBord ar an 10 Lúnasa agus ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca ar an 21 Deireadh Fómhair, bhí R. Leonard i dteideal freastail ar trí Chruinniú Boird, dhá Chruinniú Boird Neamhfheidhmiúcháin agus Cruinniú Coiste Iniúcháireachta & Riosca amháin.

Ag éirí as ar an 4 Feabhra agus á athcheapadh ar an 8 Aibreán, bhí J. Spring i dteideal freastail ar shé Chruinniú Boird, dhá Chruinniú Boird Neamhfheidhmiúcháin agus dhá Chruinniú Coiste Iniúcháireachta & Riosca amháin.

Arna cheapadh ar an mBord ar an 10 Lúnasa, bhí T. Tynan i dteideal freastail ar thrí Chruinniú Boird agus ar dhá Chruinniú Boird Neamhfheidhmiúcháin amháin.

Glaodh an dá Chruinniú Boird Neamhfheidhmiúcháin thuasluaite ar ghearrfhógra de réir Airteagal 62 de Bhunreacht na Cuideachta.

**Príomhathruithe Pearsanra**

- D'éirigh David McGarry as a phost mar Chathaoirleach ar an 5 Nollaig 2022 agus athcheapadh é ina Chathaoirleach ar feadh téarma bliana le héifeacht ón 8 Nollaig 2022.
- D'éirigh John Coleman as a phost mar Stiúrthóir ar an 4 Feabhra 2022.
- Ceapadh Richard Leonard mar Stiúrthóir ar feadh téarma cúig bliana le héifeacht ón 10 Lúnasa 2022.
- Ceapadh Alma Moran mar Stiúrthóir ar feadh téarma cúig bliana le héifeacht ón 2 Feabhra 2023.
- Bhí Judith Spring i gceannas mar Stiúrthóir ar an 4 Feabhra 2022 agus athcheapadh í mar Stiúrthóir ar feadh téarma cúig bliana le héifeacht ón 8 Aibreán 2022.

## CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

### RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN.)

- D'éirigh Tom Treacy as a phost mar Stiúrthóir ar an 16 Eanáir 2023.
- Ceapadh Tom Tynan mar Stiúrthóir ar feadh téarma cúig bliana le héifeacht ón 10 Lúnasa 2022.

#### Nochtadh riachtanach de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Tá an nochtadh seo a leanas riachtanach de réir an Chóid:

#### Miondealú Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair gearrthéarmacha fostaithe de bhreis ar €50,000 a chatagóiriú sna bandáí seo a leanas:

Raon		Líon na bhFostaithe	
Ó	Go	2022	2021
€50,000	- €75,000	15	16
€75,001	- €100,000	7	8
€100,001	- €125,000	3	3
€125,001	- €150,000	4	4

Nóta: Chun críche an nocht seo, áirítear le sochair gearrthéarmacha fostaithe i ndáil le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra.

#### Costais Chomhairleachta

Áirítear ar chostais chomhairleachta a sonraíodh agus a fuarthas sa tréimhse, costas comhairle seachtrach don bhainistíocht agus ní áirítear feidhmeanna áirithe seachfhoinsithe ‘gnó mar is gnách’.

	2022	2021
	€	€
Comhairle Dhlí	33,735	54,470
Deimhniú Airgeadais, Iniúchta Inmheánaigh & Comhlíonta	108,075	26,240
PR (Caidreamh Poiblí) & Margaíocht	24,890	43,770
HR (Acmhainní Daonna) Earcaíocht & Pinsin	31,050	38,225
Innealtóireacht, Mara & Dearadh	817,775	159,793
Pleanáil	45,203	52,029
Eile	478,008	21,970
<b>Costais Chomhairleachta san Iomlán</b>	<b>1,538,736</b>	<b>396,497</b>
Costais Chomhairleachta Caipitlithe	830,297	143,179
Costais Chomhairleachta sonrasctha agus faighte agus aitheanta sa chuntas brabúis & cailteanais	708,439	253,318
<b>Iomlán</b>	<b>1,538,736</b>	<b>396,497</b>

## CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

### RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN.)

#### Costais Dlí agus Socraíochtaí

Tugtar miondealú sa tábla thíos ar mhéideanna an chaiteachais shonraithe agus a fuarthas sa tréimhse tuairiscithe i ndáil le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí tríú páirtithe. Ní áirítear leis seo caiteachas a tabhaíodh i ndáil le comhairle dlí ginearálta a fhaigheann Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a nochtar i gcostais Chomhairleachta thuas.

	2022	2021
	€	€
Táillí Dlí - Imeachtaí Dlí	12,135	225,460
Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána	-	-
Socraíocht	373,339	-
<b>Iomlán</b>	<b>385,474</b>	<b>225,460</b>

Baineann Imeachtaí Dlí a luadh thuas le caiteachas sonrasctha agus faighte maidir le cás dlí fostaí i gcás inar eisíodh breithiúnas i bhfabhar an ghearánaí le linn 2022. Baineann an socrú leis an mbreithiúnas dámhachtana lena n-áirítear ús Acht na gCúirteanna.

#### Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a chatagóiriú mar leanas:

	2022	2021
	€	€
Intíre		
Bord	4,105	125
Fostaithe	57,886	41,917
Idirnáisiúnta		
Bord	-	-
Fostaithe	22,308	-
<b>Iomlán</b>	<b>84,299</b>	<b>42,042</b>

#### Caiteachas Fáilteachais

Áirítear an caiteachas fáilteachais seo a leanas sa Chuntas Brabúis agus Cailteanais:

	2022	2021
	€	€
Fáilteachas Foirne	1,367	11,632
Fáilteachas Tríú Páirtí	11,527	3,200
<b>Iomlán</b>	<b>12,894</b>	<b>14,832</b>

**CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR  
CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

**RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ (AR LEAN.)**

**Ráiteas Comhlíonta**

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun a chinntiú go gComhlíontar an Cód. Bhí Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge ag comhlíonadh an Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú don bhliain 2022 go hiomlán.

D'fhorghas an Bord an ráiteas seo ar an 31 Márta 2023 agus sínithe thar cheann an Bhoird ag:

**Pat Keating**  
Stiúrthóir

**David McGarry**  
Stiúrthóir

**CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022****RÁITEAS FREAGRACHTAÍ STIÚRTHÓIRÍ****RÁITEAS FREAGRACHTA NA STIÚRTHÓIRÍ**

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dlí agus rialacháin na hÉireann.

Éilíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí, roghnaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 ‘An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann’.

Faoi dhlí na cuideachta, ní ceadmhach do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a cheadú mura deimhin leo go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta do dháta deiridh bliana airgeadais bhrabús nó cailteanais na cuideachta don bhliain airgeadais sin agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí 2014 freisin.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasáíochta cuí a roghnú do ráitis airgeadais na Cuideachta agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- a chuir in iúl an bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a shainaithint agus tabhairt faoi deara an éifeacht agus na cúiseanna atá le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoimeádann nó go gcuireann an Chuideachta faoi deara taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád a mhíniú agus a thairféadann idirbhearta na Cuideachta i gceart, a chumasaíonn tráth ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailteanas na Cuideachta a chinneadh le cruinneas réasúnach, a chur ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na Stiúrthóirí le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus go bhféadfar na ráitis airgeadais a iniúchadh. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus dá réir sin as bearta réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar shuíomh gréasáin na Cuideachta. D’fhéadfadh reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh na ráitis airgeadais, a bheith difriúil ó reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile.

D’fhorhmeas an Bord an ráiteas seo ar an 31 Márta 2023 agus sínithe thar cheann an Bhoird ag:

**Pat Keating**  
Stiúrthóir

**David McGarry**  
Stiúrthóir

## CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

### RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

#### Admháil

Thar ceann Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge (SFPC), admhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

#### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun freastal ar luachanna a bhaineann leis an ordlathas rialaithe. Cé go ndéanfaidh an mhodheolaíocht a úsáidtear a dícheall i gcónaí riosca a dhíothú nó a ionadú, tá sé réasúnach glacadh leis go bhfanfaidh riosca iarmharach agus mar sin ní mór do rialuithe a chuirtear i bhfeidhm an riosca a laghdú Chomh hÍseal agus is Indéanta le Réasún (ALARP). Mar sin ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta nach dearbhú iomlán é, a sholáthar go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh a thagann le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i gCuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge don bhliain iomlán dar críoch 31 Nollaig 2022 agus suas go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais. Cuireadh athbhreithniú agus ráiteas ina ndeimhnítear éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca ar an 13 Márta 2023.

#### Bainistíocht Riosca agus an Timpeallacht Rialaithe

Tá polasaí bainistíochta riosca forbartha ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a leagann amach a goile riosca, na próisis bhainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus a shonraíonn ról agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Cuirtear an polasaí seo in iúl do gach ball foirne a oibríonn laistigh de Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge. Tá an córas Bainistíochta Riosca deartha chun an bhainistíocht a chur ar an eolas faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus chun laigí a rialú agus chun freagracht a ghlacadh as rioscaí agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Tá freagracht fhoriomlán ar Bhord Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge as bainistiú riosca lena n-áirítear cineál agus méid na rioscaí suntasacha a bhfuil sé toilteanach glacadh leo a bhaint amach chun a chuspóirí straitéiseacha agus oibriúcháin a chinneadh.

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca bunaithe ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge ar a bhfuil comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin chun tacú leis an mBord ina bhfreagrachtaí maidir le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais chorparáidigh. Tá an coiste seo de chineál comhairleach agus ní scaoileann sé an Bord Stiúirthóirí óna bhfreagrachtaí. Tháinig an Coiste Iniúcháireachta & Riosca le chéile ceithre huairé i 2022. Táim sásta gur chomhlíon an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a ról go hiomlán laistigh de na cruinnithe a tionóladh i rith na bliana.

I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2022, tá céimeanna glactha ag an mBord lena chinntiú go mbeidh timpeallacht rialaithe iomchuí i bhfeidhm trí;

- Freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir le seirbhísí pearsanra cáilithe a bheith urraithe agus dualgais a leithdháileadh i gceart ina measc, dualgais a scaradh nuair is indéanta;
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint
- Córas buiséadaithe cuimsitheach a bheith ann le buiséad bliantúil a ndéanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú air agus a cheadaíonn an Bord. Tuarascálacha míosúla a sholáthar don Bhord a dhéanann monatóireacht ar fheidhmíocht in aghaidh an Bhuiséid agus a shainiú aon difríochtaí ábhartha a tharlaíonn;

## **CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

### **RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH (AR LEAN)**

- Oiliúint a chur ar fáil do chomhaltaí nua agus do chomhaltaí reatha an Bhoird Stiúrthóirí maidir lena ról agus a bhfreagrachtaí;
- Córais a bhunú a bheidh dírithe ar shlándáil na córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a áirithiú;

## CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

### RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH (AR LEAN)

- An Coiste Iniúcháireachta & Riosca ag tabhairt faoina ról agus a bhfreagrachtaí le linn na tréimhse atá faoi athbhreithniú;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachas Corparáideach laistigh den Chuideachta a chomhlíonadh;
- Nósanna imeachta a bhunú trína bhféadfaidh fostaithe de chuid na Cuideachta, faoi rún, imní a ardú faoi neamhrialtachtaí féideartha i dtuaisciú nó i gcúrsaí eile agus chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach fhiúntach ar ábhair a ardaítear ar an mbealach sin; agus
- Córais bhainistíochta comhtháite (IMS) creidiúnaithe UKAS a oibriú agus a chothabháil chun cloí le caighdeán a aithnítear go hidirnáisiúnta ISO9001:2015 (Cáilíocht), ISO 45001:2018 (Sláinte & Sábháilteacht) & PERS (Scéim um Chlárú Timpeallachta Poirt) a chomhlíonadh. Tá bainistíocht córais bunaithe ar mhúnla comhtháite agus i gcomhréir leis na riachtanais a shanntar tríd an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016. Tá bainistíocht riosca lárnach maidir le rialú oibriúcháin rathúil na cuideachta agus a córais a chothabháil.

Tá a feidhm Iniúchta Inmheánaigh seachfhoinsithe ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge. Comhaontaítear obair an iniúchta inmheánaigh i gcomhairle leis an mbainistíocht agus leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca. Mhol an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca an Clár Iniúchta Inmheánaigh do 2022 don Bhord agus rinneadh é ina iomláine ina dhiaidh sin. Feidhmíonn an Soláthraí Seirbhíse Iniúchta Inmheánaigh de réir na gCreatchóid Dea-Chleachtais atá leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus tuairiscíonn sé go díreach don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca. Tuairiscíonn an tIniúcháir Inmheánach don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus cuireann sé a chuid oibre i láthair an Choiste. Léiríonn na tuarascálacha Iniúchta Inmheánaigh a cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh maidir le leordhóthanacht na rialuithe a ndearnadh athbhreithniú orthu.

Tá Creat Bainistíochta Riosca ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a sholáthraíonn cur chuige comhsheasmhach ar fud na heagraíochta maidir le bainistíocht agus maolú riosca. Cinntíonn sé go ndéantar rioscaí a shainaithint, a mheas, a thomhas, a bhainistiú, a mhonatóiriú agus a thuairisciú go comhsheasmhach. Déantar rioscaí a mheas agus a chur in ord tosaíochta bunaithe ar dhianais féideartha an tionchair agus ar an seans go dtarlóidh siad. Feidhmíonn Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge feidhm iniúchta riosca inmheánaigh a bhfuil acmhainní aici agus a stiúran clár oibre atá comhaontaithe leis an bhFeidhmeannas.

Agus príomhrioscaí agus éiginnteachtaí á gcinneadh, tá fachtóirí mar an timpeallacht sheachtrach, rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha agus cur chuige bainistíochta riosca na cuideachta ina bpríomcheisteanna.

Sonraíonn an clár riosca na rialuithe agus na bearta is gá chun rioscaí agus freagracht as oibriú na rialuithe a shanntar d'fhoireann ar leith a mhaolú trí:

- Nádúr na bpríomhrioscaí gnó atá roimh an eagraíocht a aithint;
- Meastóireacht a dhéanamh ar thionchar agus ar dhóchúlacht na rioscaí comhlána a thagann chun cinn;
- Na rialuithe atá i bhfeidhm chun na rioscaí comhlána a mhaolú a shainaithint;
- Athmheasúnú a dhéanamh ar na rioscaí agus na rialuithe atá i bhfeidhm á gcur san áireamh chun a aithint an bhfuil an riosca iarmharach Chomh híseal agus is Indéanta le Réasún (ALARP);
- Úinéir riosca a shainaithint do gach riosca a sainaithníodh;
- Straitéisí breise a aithint nuair is gá chun na príomhrioscaí a bhainistiú;
- Athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar an bpróiseas bainistíochta riosca; agus
- Is mír bhuan den chlár oibre í an Bhainistíocht Riosca ag gach cruinniú sceidealta den Bhord.



**CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

**RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH (AR LEAN)**

**Príomhrioscaí agus Éiginnteachtaí**

Roinntear na rioscaí atá cláraithe ar chláir riosca na cuideachta i dtrí shraith, príomhriosca, measartha agus eile.

Mar chuid de dhualgais sannta, rinne an Coiste Iniúchóireachta & Riosca de chuid Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge measúnú ar na príomhrioscaí atá roimh an gcuideachta agus chuir siad tuarascáil faoi bhráid an Bhoird ina ndéantar achoimre ar thorthaí agus ar aon athruithe suntasacha.

Príomhriosca	Cuntas & Bearta Maolaithe
<b>Corparáideach</b>	Is sócmhainn thar a bheith tábhachtach é Inbhear na Sionainne agus tá sé ar cheann de na hacmhainní nádúrtha is luachmháire in Éirinn agus i Réigiún an Mheán-Iarthair ach go háirithe. Soláthraíonn na tailte imeallacha agus an limistéar mara araon spás agus suíomh le haghaidh forbartha, gníomhaíochtaí agus deiseanna chun fás eacnamaíoch, sóisialta agus timpeallachta a chur chun cinn laistigh den Réigiún. Glacann Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge leis go gcuireann mainneachtain toiliú reachtúil a fháil bac ar fhorbairt eacnamaíoch san Inbhear. Is plean creata idirdlínse bunaithe ar talamh agus ar muir é Creatphlean Comhtháite Straitéisigh (SIFP) d’Inbhear na Sionainne chun treoir a thabhairt d’fhorbairt agus bainistíocht Inbhir na Sionainne. Leagann an Plean Chreat Comhtháite Straitéisigh straitéis fhoriomlán amach maidir le bainistiú fás inbhuanaithe, forbartha agus timpeallachta do Réigiún Inbhear na Sionainne.
<b>Forbairt Gnó</b>	Aithníonn Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge go bhféadfadh cailteanas mórchustaiméirí a bheith mar thoradh ar roinnt athruithe maicreacnamaíochta agus/nó earnála. Cuireann Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge rialuithe i bhfeidhm chun gníomhaíochtaí margaíochta meántéarmacha agus fadtéarmacha a áireamh, roghanna gnó malartacha a mheasúnú agus oibriú le gníomhaireachtaí eile chun tacú le forbairt agus cur chun cinn an chalafoirt.
<b>Sláinte &amp; Sábháilteacht</b>	Mar gheall ar nádúr dúchasach na n-oibríochtaí laistigh de thimpeallacht poirt tá crochadh oibríochtaí troma fós ina bpríomhréimse riosca. Cuireann Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge rialuithe oibríochta i bhfeidhm lena n-áirítear cigireacht reachtúil agus scrúdú amhairc rialta ar threalamh, cothabháil clár ardaithe, inniúlacht oibreoirí agus foireann cothabhála agus clár chothabhála pleanáilte chun a chinntiú go n-oibrítear agus go gcoimeádtar trealamh de réir threoirlínte na déantúsaíochta. Feidhmíonn na rialuithe seo chun an baol teagmhais agus/nó cailteanais a laghdú.
<b>Timpeallacht</b>	D’fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag Truailliú Ola ar an timpeallacht mar gheall ar theagmhas a bhain le háirde ar uisce. Chun é seo a mhaolú tá “Treoir maidir le hIontráil Port” ceadaithe ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge chun cabhrú le Máistir gach áirde agus iad ag dul isteach i dteorainneacha an phoirt. Ceanglaítear ar áirde a théann isteach i dteorainneacha calafoirt, deimhniú a bheith acu ag dearbhú oiriúna, fianaise ar shuirbhéanna tréimhsiúla chun a chinntiú go gcomhlíonann siad rialacháin idirnáisiúnta lena n-áirítear doirteadh thar bord, deighilteoirí uisce olach agus árachas chun costas teagmhais timpeallachta a chúlú. Is baill d’ Foireann Frith-thruailliú Inbhear na Sionainne (SEAPT) iad Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge ina gcuirtear rochtain ar threalamh agus acmhainní freagartha ar thruailliú ola ar fáil chun cabhrú le freagairt ar theagmhais truaillithe ola ar uisce.

**CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

**RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH (AR LEAN)**

<p><b>Seirbhísí Teicniúla &amp; Poirt</b></p>	<p>Mar gheall ar nádúr dúchasach na hoibre i mbolg loinge cuireann Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge roinnt rialuithe i bhfeidhm chun an baol teagmhais agus/nó gortaithe a laghdú. I measc na rialuithe tá córas sábháilte pleananna oibre, cead údaraithe chun teacht isteach, pleananna tarrthálacha doiciméadaithe agus tástáilte, modhanna oiriúnacha cumarsáide agus rochtain shábháilte agus bealach amach. Déantar na hoibreacha a phleanáil agus a eagrú de réir an dea-chleachtais agus cuirtear oiliúint chuí ar an bhfoireann, chun iad a bheith inniúil agus na hacmhainní acu chun na rialuithe a comhaontaíodh a chur i bhfeidhm.</p>
-----------------------------------------------	---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

**CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022****RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH (AR LEAN)****Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach**

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Clár cuimsitheach riosca a chothabháil i gcás inar sainathníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus inar cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú;
- Clár iniúchtaí a choinneáil lena n-áirítear clár iniúchta riosca arna chur ar fáil ag fostaithe cuideachta, clár iniúchta inmheánaigh arna sholáthar ag soláthraí seachtrach ceadaithe ag an mBord agus clár iniúchtaí deimhnithe atá deartha chun ceanglais ISO 9001:2015 (Cáilíocht), ISO 45001:2018 (Sláinte & Sábháilteacht) & PERS (Scéim um Chlárú Timpeallachta Poirt) a chomhlíonadh;
- De réir na dTearmaí Tagartha Iniúcháireachta & Riosca, cuireann an bhainistíocht clár faisnéise doiciméadaithe faoi bhráid an choiste Iniúcháireachta & Riosca
- Socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais agus oibríochtúil; agus
- Déanann an bhainistíocht athbhreithniú rialta ar chomhlíonadh tréimhsiúil agus bliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéis.

**Soláthar**

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge chun a chinntiú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirlínte reatha soláthair agus gur chomhlíon Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge na nósanna imeachta sin le linn 2022.

Tá an Bord go hiomlán sásta go gcloítear leis na ceanglais maidir le soláthar poiblí agus go bhfuil siad go hiomlán ar an eolas faoi na tairseacha luacha atá ann faoi láthair maidir le cur i bhfeidhm rialacha soláthair an AE agus náisiúnta. Tá an Bord go hiomlán sásta gur forbraíodh agus gur foilsíodh beartais agus nósanna imeachta soláthair don fhoireann ar fad agus tá sé sásta freisin go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun neamhchomhlíonadh na nósanna imeachta soláthair seo a bhrath.

**Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht**

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear rialú inmheánach airgeadais, bunaithe ar obair na bainistíochta laistigh de Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a fhorbraíonn agus a chothaíonn an creat rialaithe, an tIniúcháir Inmheánach, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúchta Inmheánaigh agus ar thuairimí a rinne an tIniúcháir Seachtrach ina litir bhainistíochta.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2022.

**CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR  
CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

**RÁITEAS MAIDIR LE RIALÚ INMHEÁNACH (AR LEAN)**

**Saincheisteanna Rialaithe Inmheánacha**

Níor sainaitníodh aon laigí sa rialú inmheánach chun aon chailteanais ábhartha nó calaoisí ábhartha a áireamh i ndáil le 2022 a éilíonn nochtadh sa ráiteas airgeadais.

**David McGarry**  
Cathaoirleach  
Cuideachta Phort na Sionainne agus

Fhainge

Dáta: 31 Márta 2023

## CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

### RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH

#### Réamhrá

Tá áthas orm tuarascáil bhliantúil 2022 do Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a chur i láthair.

Tá ag éirí go maith leis an gCuideachta ag teacht lenár bhfís agus lenár bplean straitéiseach don Phort. Bliain rathúil eile a bhí i 2022 ar bhealaí éagsúla. Cé go raibh tréachur tonnáiste agus brabúsachta níos ísle i 2022 ná i 2021, ba bhliain eisceachtúil a bhí i 2021 a raibh tionchar dearfach ag timpeallacht COVID-19 uirthi agus éileamh suntasach ar allmhairí breosla iontaise nuair a tháifead an Port na leibhéil bhrabúsachta ab airde ina stair. Cé go ndearnadh roinnt athbhreithnithe ar na buaicphointí stairiúla seo i 2022 mar gheall ar an gcogadh san Úcráin, chuir an tionchar a bhí aige ar phraghsanna fuinnimh agus ar mhacra-iarmhairtí indíreacha an chogaidh leis an timpeallacht boilscithe dhomhanda chomh maith le moilleanna sa slabhra soláthair, tá feidhmíocht airgeadais dhearfach eile seachadta ag an bPort le brabús roimh cháin de €4.23 milliún agus EBITDA (Tuilleamh roimh ús, dímhéas agus amúchadh) os cionn €7 milliún agus tá sé i riocht láidir airgeadais chun a chuspóirí a chur chun cinn.

Go hoibríochtúil d'fhan an Port an-dírthe ar chustaiméirí ag láimhseáil beagnach 10 milliún tonna agus tháinig sé as srianta COVID-19 i gcruth den scoth. Rinne an Port dul chun cinn freisin ar roinnt réimsí straitéiseacha i gcomhréir lenár bplean Straitéiseach. Rinne an Bord athbhreithniú ar a mháistirphlean fadtéarmach agus d'aithin sé tionchar an athraithe aeráide agus an gá atá le hinbhuanaitheacht agus chinn sé tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt seirbhísí agus bonneagair a fhorbróidh an tionscal gaoithe amach ón gcósta Thiar, a thabharfaidh forbairt thionsclaíoch ghlas agus a chruthóidh aonaid seirbhísí coimeádáin agus seirbhísí slabhra soláthair lóistíochta a mbeidh tionchar bunathraithe acu ar an gCuideachta agus ar an tír ar fad. Bunaithe ar seo, d'fhorbair an Bord a phlean straitéiseach cúig bliana agus shainithin sé caiteachas caipitil arbh fhiú €230 milliún san iomlán é chun ár n-áiseanna Poirt a fhorbairt faoi 2027. I 2023, tá sé beartaithe ag an mBord €28 milliún a chaitheamh chun áiseanna bonneagair an Phoirt a fhorbairt chun freastal ar fhás fadtéarmach ar éileamh arb é an caiteachas infheistíochta caipitil is airde i stair an Phoirt. D'athnuaigh an Bord a bhallaíocht freisin le ceapacháin nua ag baint amach cothromaíocht inscne. Lean an Port ag díriú ar shláinte agus ar shábháilteacht a fhoirne agus úsáideoirí an Phoirt agus ag forbairt a fhoireann. Rinne an Port dul chun cinn maidir le hathrú aeráide agus inbhuanaitheacht agus chuir sé go han-éifeachtach le cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta an Rialtais ar son na hAeráide agus le Tascfhórsa Eacnamaíoch Inbhear na Sionainne, a thugann tosaíocht d'fhorbairt gaoithe amach ón gcósta mar cheann dá phríomhthéamaí. Tá an Chuideachta ag pointe spreagúil ina forbairt agus tá an Bord ag tnúth go muiníneach lena fhís uaimhianach agus a phlean straitéiseach a sheachadadh agus difríocht dhearfach a dhéanamh do shaol a gheallsealbhoirí go léir agus rannchuidiú suntasach leis an Stát.

#### Ár Straitéis

Tá príomhchuspóirí na Cuideachta leagtha amach san Acht Cuanta 1996. Sonraíonn an tAcht gur cheart don Phort “an port a bhainistiú, a rialú, a oibriú agus a fhorbairt”, “áiseanna, seirbhísí, lóistín agus tailte a sholáthar sa chuan d'árthaí, earraí agus paisinéirí”, “infheistíocht a chur chun cinn sa phort”, “dul i mbun gnó atá buntáisteach d'fhorbairt an Phoirt” agus “na hacmhainní atá ar fáil ar bhealach atá comhsheasmhach le cuspóirí” na Cuideachta.

Feidhmíonn an Port i gcomhréir le Beartas Náisiúnta na gCalafort 2013, a d'aicmigh Port na Sionainne agus Fhainge mar phort a bhfuil tábhacht náisiúnta go baint leis. Sainithnítear sa doiciméad beartais seo go bhfuil “acmhainneacht shoiléir ag an bPort chun forbairt acmhainn poirt in Éirinn amach anseo a threorú sa mheántearma agus san fhadtearma, nuair agus de réir mar is gá” agus tugann sé sainordú don Phort (mar aon leis an dá shraith phoirt 1 eile) “chun an fhreagairt ar cheanglais bheartais náisiúnta poirt sa toadhchá a threorú” agus éilíonn sé “an cineál acmhainne poirt a theastaíonn chun rochtain leanúnach ar mhargáí domhanda a chinntiú dár ngeilleagar trádála”.

Is í an fhís atá againn ná an Port a shuíomh mar phríomhspreagadh eacnamaíoch trína bhonn sócmhainní a fheabhsú agus a ghiarúil chun freastal ar infheistíocht amach ón gcósta agus ar tír mór laistigh dá chuan agus in aice leis. Tacóidh an Chuideachta le feabhas a chur ar bhonneagar nasctha bóithre agus iarnróid, ionas go dtairgfear seirbhísí feabhsaithe, iomaíochta agus éifeachtúla do chustaiméirí agus díreoidh sí ar sholáthar seirbhísí agus

**CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR  
CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

**RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH (AR LEAN)**

bonneagair ar bhealach a sholáthróidh toradh leordhóthanach ar chaipiteal agus ag an am céanna ag cosaint an chomhthéacs íogair timpeallachta a oibríonn sé.

## CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

### RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH (AR LEAN)

Tá fíis straitéiseach shoiléir ag Port na Sionainne agus Fhainge chun na cuspóirí seo a bhaint amach, rud a leagamar amach i gcáipéis Fís 2041 Máistirphlean na Sionainne agus Fhainge, plean 30 bliain. Seoladh Fís 2041 i 2013 agus clúdaíonn sé an tréimhse ó 2011 go 2041. Mar ár máistirphlean tionscnaimh, bhí sé ríthábhachtach maidir le beartas náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil a leagan síos maidir le riachtanais an Phoirt. Ba phríomhdhoiciméad é maidir le uasghrádú a bhaint amach faoi Bheartas Ten-T an AE lena n-áirítear stádas an Croí Chonaire. Maidir le Maoiniú Lár na hEorpa, gan é, ní éireodh linn faomhadh a fháil do thart ar €10 milliún i maoiniú deontais a thacaíonn le hoibreacha os cionn €40 milliún.

I bhFís 2041, luaigh muid go ndéanfaí athbhreithniú laistigh de thréimhse ama idir seacht agus deich mbliana. Ar an mbonn sin, d'aontaigh an Bord gnólacht comhairleoireachta innealtóireachta tionscadail dhomhanda a fháil chun an t-athbhreithniú a threorú. Bhí sé ríthábhachtach go mbeadh taithí ag ceapachán den sórt seo ar bhonneagar ar scála mór a fhorbairt sna hearnálacha poirt, iompair agus fuinnimh. Tar éis comórtas soláthair, cheap an Bord Bechtel chun an t-athbhreithniú a stiúradh, a críochnaíodh ina dhiaidh sin agus a sheol an tAire Ryan ag Fainge i mí na Samhna 2022. Tríd an athbhreithniú seo, aithnímid go bhfuil forbairt mhór tagtha ar an mbealach chun fáis agus fairsingithe ó foilsíodh Fís 2041 i 2013 agus tá sé ríthábhachtach go bhfanfaidh sé bailí agus comhsheasmhach le hathrú ar dhinimic an bheartais, an timpeallacht agus an mhargaidh. Go hachomair, díríonn an tAthbhreithniú go mór ar an athrú mór deiseanna agus oibleagáidí a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide chomh maith leis na hathruithe fairsinge ar lóistíocht an tslabhra soláthair náisiúnta. Éilíonn an dinimic athraitheacha seo mar aon le fás láidir eacnamaíoch agus daonra na hÉireann acmhainn bhreise slabhra soláthair inbhuanaithe go háirithe maidir le bonneagar poirt.

I gcomhthéacs ár nAthbhreithnithe ar Fhís 2041, le míonna beaga anuas d'fhorbair an Bord a Phlean Straitéiseach cúig bliana 2023–2027, arb é an plean gearr go meánach é chun ár riachtanais forbartha straitéiseacha níos fadtéarmaí a sheachadadh. Sa phlean seo, mar a tugadh faoi deara i mo réamhrá, tá caiteachas caipitil de €230 milliún san iomlán aitheanta againn chun ár n-áiseanna Poirt a fhorbairt. As seo, tá sé beartaithe againn €28 milliún a chaitheamh i 2023 den chuid is mó chun áiseanna bonneagair Phoirt a fhorbairt chun freastal ar fhás fadtéarmach ar éileamh.

### Feidhmíocht Gnó

Mar a luadh i mo réamhrá, ba bhliain rathúil eile a bhí i 2022 don Phort. D'fhan leibhéil bhrabúsachta láidir le brabús roimh chánachas níos mó na €4.23 milliún. Tá dul chun cinn mór déanta ag an gCuideachta le blianta beaga anuas maidir lena brabús oibriúcháin a fheabhsú agus mar thoradh ar sin príomhtháscairí feidhmíochta ar nós EBITDA (Tuilleamh roimh ús, dímhéas agus amúchadh), céatadán corrlaigh oibriúcháin agus toradh ar an gcaipiteal a úsáideadh. Tá feabhas suntasach tagtha ar gach ceann acu ó lár na 2000í agus in ainneoin roinnt cúlaithe i mbrabúsacht ón ardleibhéal stairiúil i 2021, tá an Cuideachta fós in ann corrlach 44.2% EBITDA (Tuilleamh roimh ús, dímhéas agus amúchadh) an-láidir a thuairisciú mar ag deireadh 2022 agus EBITDA (Tuilleamh roimh ús, dímhéas agus amúchadh) taifeadta sa bhreis ar €7 milliún.

Eascraíonn cúlú 2022 ó ardleibhéal stairiúil na bliana roimhe sin as tréchur críochoirt laghdaithe bainistithe go díreach de thart ar 4.3% a eascraíonn go príomha as tonnaistí tógála laghdaithe tar éis feidhmíocht iar-COVID an-láidir le linn 2021 agus laghdú níos suntasaí 12.5% ag críochoirt faoi úinéireacht phríobháideach a tugadh faoi deara do 2022 le dhá phríomhfhachtóir ag cur leis an laghdú seo. Chuir an cogadh san Úcráin agus an tionchar a bhí aige ar phraghsanna fuinnimh bac mór ar tháirgeadh alúmanam ar fud na hEorpa agus ar an dara dul síos, i 2021 tháinig méadú suntasach ar allmhairí breoslaí iontaise chun na héilimh ar an eangach náisiúnta leictreachais a chothú sa ghearrthéarma. I 2022, thairfead an Port laghdú de 28% bliain ar bhliain ar allmhairí breosla iontaise chuig críochoirt faoi úinéireacht phríobháideach, rud a laghdaigh toirteanna tréchur iomlán.

Mar thoradh ar an méid thuas, b'ionann tréchur foriomlán na Cuideachta do 2022 agus 9.82 milliún tonna, thart ar 1.15 milliún tonna nó 10.5% neamhfhabhrach do 2021, le críochoirt arna mbainistiú go príobháideach agus críochoirt arna mbainistiú go díreach neamhfhabhrach don bhuiséad agus don bhliain roimhe sin. Tá tréchur

**CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR  
CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

**RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH (AR LEAN)**

iomlán i 2022, áfach, thart ar 3.8% deimhneach le tréachur iomlán 2020, áit ar taifeadadh 9.46 milliún tonna san iomlán.



**CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022****RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH (AR LEAN)**

Ba é ár láimhdeachas don bhliain ná €15.89 milliún, laghdú níos lú ná 1% ar €16.01 milliún i 2021. Tá an tréchar tonnáiste mionsonraithe thuas ina thiománaí díreach ar mheascán Ioncaim le hárthaí, dleachtanna lasta agus ioncaim ó stíbhheadóirí a bhfuil drochthionchar ag thart ar €646,000 nó 5.7% orthu ó na lagduithe a tugadh faoi deara ag críochfoirt a bhainistítear go díreach agus a bhainistítear go príobháideach. Bhí tionchar dearfach, áfach ar ioncam iomlán mar gheall ar mhéaduithe ar ioncam ó chíos agus ar ioncam socraithe ag Faing agus Luimneach. Bhí tionchar dearfach ag allmhairí muilte gaoithe agus allmhairí bithmhaise araon ar ioncam socraithe agus mar thoradh ar allmhairí beatha méadaithe ag Faing tháinig méadú ar ioncam stórais i rith na bliana. Mhéadaigh costais oibriúcháin iomlána €396,000 nó 5.8% bliain ar bhliain, a bhí á dtiomáint go príomha ag costais bhreosla agus fuinnimh níos airde a d'ascair as tionchair an chogaidh san Úcráin. D'fhan costais riaracháin ar chomhchém go dtí 2021.

Anois mar go bhfuil príomhchonraitheoir ceaptha ag Iarnród Éireann chun oibreacha Chéim 1 a dhéanamh ar athchur líne iarnróid Fhainge go Luimneach, chinn an Bord dlús a chur le hamúchadh chaiteachas forbartha na Cuideachta maidir le dearadh mionsonraithe, suirbhéireacht agus oibreacha imscrúdaithe láithreáin an tionscadail. Tá an tsócmhainn forbartha doláimhsithe seo aitheanta go hiomlán anois sa chuntas brabúis & cailleanais as ar dtáinig muirear iomlán amúchta sa bhliain de €1.04 milliún. Aithníodh Deontas CEF (an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa) go hiomlán sa tréimhse freisin, rud a mhéadaigh amúchadh deontais go €0.73 milliún ó €0.39 milliún sa tréimhse roimhe sin.

Tar éis costais mhaoinithe agus muirear cánachais, thaifead an Port brabús an-sásúil a bhí inchurtha i leith an Scairshealbhóra de thart ar €3.38 milliún.

Tá an Port fós i riocht láidir airgeadais le luach clár comhardaithe de €59 milliún. Tá dul chun cinn suntasach déanta againn maidir lenár nglanchóimheasa gearála a laghdú le 10-15 bliana anuas chun a chinntiú go bhfuil leibhéal fhiachais inbhuanaithe agus chun infheistíocht amach anseo a cheadú de réir mar is gá faoi Fhís 2041. Ag deireadh 2022, thuiriscigh an Port glanmhéid airgid dearfach de €4.0 milliún, laghdú díreach €1.6 milliún ón gceann a tuairiscíodh an bhliain roimhe sin in ainneoin caiteachas caipitil suntasach de níos mó na €8.4 milliún a tabhaíodh sa bhliain.

**Infheistíocht Chaipitil**

Tá an Port ag tabhairt faoi fhorbairt uailmhianach €30 milliún ar Phort Fhainge faoi láthair. Is é seo an tionscadal forbartha caipitil is mó a rinne an Port ina stair. Is éard atá san fhorbairt spreagúil seo ná cé nua 117m a thógáil chun dul isteach sna Lamairní Thoir agus Thiar, inlínadh taobh thiar de bheart 5 agus soláthar rochtana, fónais agus maolú tuilte ar thailte na Cuideachta (38 heicteár) chun páirc thionsclaíoch a bhaineann le poirt a fhorbairt. Cáilíonn an tionscadal seo do mhaoiniú Ten-T faoi Ghlaonna Cumasc Iompair CEF 2017 (an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa) agus mar a tuairiscíodh roimhe seo tá an t-iarratas seo ceadaithe ag an AE le haghaidh maoinithe suas le 20% den chaiteachas cáilitheach. Cuireadh tús i mbliana le hoibreacha tógála chun dul isteach sna Lamairní Thoir agus Thiar agus cuireadh tús leis an inlínadh taobh thiar de Bheart 5 agus tá gach céim le bheith críochnaithe faoi dheireadh 2023. Chaith an Port €7.9 milliún ar na hoibreacha seo ag Port Fhainge i 2022. Ina theannta sin, chaith an Port timpeall €550,000 ar oibreacha eile go príomha €240,000 ar dhugaí agus céanna agus €190,000 ar thalamh agus ar fhoirgnimh.

Is mian liom a dhearbhu freisin go bhfuil na Treoirlínte maidir le Moltaí Caiteachais Chaipitiúil a Mheasúnú agus a Bhainistiú á gcomhlíonadh agam.

## CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

### RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH (AR LEAN)

#### Rialachas Corparáideach

I rith 2022 agus sa bhliain go dáta, d'athsholáthair an Bord é féin. Chuaigh roinnt stiúrthóirí ar scor, ceapadh stiúrthóirí nua agus athcheapadh beirt stiúrthóir. Chuaigh téarma ceapacháin an Uasail John Coleman in éag i mí Feabhra 2022 agus chuaigh téarma ceapacháin an Uasail Tom Treacy in éag i mí Eanáir 2023. Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair thiomanta agus fhiúntach a rinne an bheirt stiúrthóir seo. Ar an 10 Lúnasa 2022, cheap an tAire Ryan an tUasal Richard Leonard agus an tUasal Tom Tynan ar an mBord. Cheap an tAire Ryan Alma Moran Uasal ar an mBord ar an 2 Feabhra 2023, tar éis di a bheith tofa mar stiúrthóir fostaithe. D'athcheap an tAire Ryan Judith Spring Uasal ar an mBord agus mé féin mar cathaoirleach.

Chinntigh na ceapacháin seo gur fhan an Bord comhdhéanta go hiomlán le hochtar comhalta go dtí deireadh 2022. Amháil an 31 Nollaig 2022, bhí an Bord comhdhéanta de thriúr ban (38%) agus cúigear fear (62%) a bhí gann ar sprioc an Rialtais ionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne i mballraíocht bhoird Stáit.

Le ceapadh Alma Moran Uasal ar an mBord, tá áthas orm a thuairisciú go bhfuil ceathrar ban (50%) agus ceathrar fear (50%) ar an mBord, rud a bhain amach an sprioc ionadaíochta íosta inscne ar an 2 Feabhra 2023.

Tá an Bord tiomanta do chothromaíocht inscne a choinneáil agus tacú leis an mBord. Glacfaimid muid dhá bheart go háirithe chun é seo a bhaint amach, trí aird a tharraingt ar chomhdhéanamh inscne don Roinn Iompair agus aighneachtaí á ndéanamh againn roimh cheapacháin agus athcheapadh Boird agus ag moladh don Roinn téarma ceapacháin comhalta a athrú go 3 bliana nó 5 bliana chun a chinntiú go gcoimeádtar spriocanna ionadaíochta le himeacht ama.

Rinne an Bord dul chun cinn suntasach maidir le cuspóirí Phlean Straitéiseach 2022 – 2026 a bhaint amach. Tá an Bord ar an mbealach chun Plean Straitéiseach 2023 – 2027 a cheadú agus tá dréachphlean seachadta aige faoi láthair don Roinn Iompair agus don Roinn Caiteachais Phoiblí le haghaidh tuairimí roimh fhaomhadh deiridh an Bhoird faoi dheireadh mhí an Meitheamh i mbliana.

Tá an Bord fós tiomanta do chomhlíonadh an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Aithnítear sa Ráiteas faoin Rialú Inmheánach ar leathanaigh 11 go 15 freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Sonraíonn an Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na Stiúrthóirí ar leathanaigh 3 go 9 nochtadh riachtanacha an Tuarascáil Bhliantúil a eascraíonn as an gCód.

#### Díbhinn

Mar gheall ar fheidhmíocht láidir leanúnach le blianta beaga anuas tá an Chuideachta in ann díbhinní a dhearbhu agus a íoc leis an Stáitchiste. I 2022, d'íoc an Chuideachta díbhinn €400,000, an díbhinn is airde riamh. Tá an Bord ag súil go leanfaidh sé de bheith in ann foráil a dhéanamh agus díbhinní a íoc i ngach ceann de na cúig bliana dá Phlean Straitéiseach 2023 - 2027.

#### Luach Saothair

Comhlíonann an Chuideachta Treoirínte an Rialtais maidir le táillí stiúrthóirí a íoc agus maidir le beartas an Rialtais ar phá an Phríomhfheidhmeannaigh agus gach fostaí de chuid Chomhlacht an Stáit. Le cinneadh ón Ard-Chúirt i 2022 cuireadh d'oibleagáid ar an gCuideachta íocaíochtaí áirithe a bhaineann le feidhmíocht a dhéanamh leis an bPríomhfheidhmeannach do na blianta 2010 go 2017.

#### Comhlíonadh Reachtúil

Dearbhaím chomh fada agus is eol dom agus is dóigh liom gur chomhlíon an Chuideachta na ceanglais reachtúla go léir.

#### Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht

## CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

### RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH (AR LEAN)

I bhfianaise phríomhról na bport mar chuid den ghréasán de shlabhraí soláthair idirnáisiúnta, tá tábhacht eacnamaíoch straitéiseach i gcónaí ag freagairt go héifeachtach do thionchair an athraithe aeráide. I gcomhréir le straitéis an Rialtais, táthar ag súil go leanfaidh gach comhlacht poiblí ar aghaidh ag iarraidh níos mó a bhaint amach ná a n-astaíochtaí féin a laghdú trí ghníomhaíocht a spreagadh ar fud na sochaí i gcoitinne. Mar chuideachta faoi úinéireacht an stáit a bhfuil dualgais agus cumhachtaí reachtúla aici, aithníonn Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge an fhreagracht agus an dúshlán ollmhór a bhaineann le meon na gcomhpháirtithe tionscail a threorú agus a athrú.

Seoladh Plean Náisiúnta na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 (CAP23) i mí na Nollag 2022 agus tá sé tiomanta d'éifeachtúlacht fuinnimh níos fearr a sheachadadh de 50% agus astaíochtaí CO<sub>2</sub> a laghdú de 51% faoi 2030. Chun tacú leis na cuspóirí náisiúnta seo, tá an Chuideachta tiomanta i gcónaí, a mhéid is réasúnach d'éifeachtúlacht oibríochtúil a chothú agus leanfaidh sí ag iniúchadh agus nuair is féidir infheistíocht a dhéanamh i ndeiseanna chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus astuithe carbóin a laghdú laistigh dár ngníomhaíochtaí oibríochtúla. Thacaigh an Chuideachta go seasta le tionscnaimh feabhsúcháin a bhaineann leis an aeráid agus go dtí seo d'éirigh léi spriocanna feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach arna leagan síos de réir reachta. Mar chuid d'oibreacha feabhsúcháin leanúnacha a rinneadh i 2022, thug an Chuideachta a Plean Gníomhaíochta Aeráide cothrom le dáta, ina sonraítear na córais bhainistíochta atá i bhfeidhm chun inbhuanaitheacht agus athléimneacht aeráide laistigh den eagraíocht a rialáil. Mar chuid den phlean seo agus ag baint úsáide as sonraí úsáide fuinnimh a thuairiscíodh d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, rinne an Chuideachta doiciméadú ar threochlár chun, a mhéid is réasúnach, cosán agus tionscadail ionchasacha a shainaithint a dearadh chun spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh agus dícharbónú a bhaint amach faoi 2030.

Faoi choimirce na Roinne Iompair, déanfaimid ár ndícheall ár bhfeidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach atá comhsheasmhach le pleananna agus straitéisí aeráide náisiúnta chun an cuspóir náisiúnta aeráide a bhaint amach a chur chun cinn agus chun ceannaireacht na hearnála poiblí ar ghníomhaíocht aeráide a léiriú chomh maith le bheith mar phríomh-eagraí gníomhaíochta ag leibhéal áitiúil agus pobail.

#### Forbairtí ó dheireadh na bliana

Ní thugtar aon fhorbairtí suntasacha faoi deara.

#### Dul chun Cinn Straitéiseach agus Forbairtí sa Todhchaí

Tá an Bord tiomanta don fhís straitéiseach a chur i gcrích mar atá leagtha amach inár ndoiciméad Fís 2041 agus leanfaidh sé go gníomhach le cur i bhfeidhm na bpríomhsholáthairtí a shainaithnítear sa Phlean. Mar a tugadh faoi deara, i 2022 seoladh Athbhreithniú Straitéiseach Fís 2041, athbhreithniú eastramhach tábhachtach tráthúil ar Fhís 2041. Ag leanúint ar aghaidh ón Athbhreithniú seo agus ag teacht leis, d'fhorbair an Bord a Phlean Straitéiseach Cúig Bliana 2023 – 2027. Mar a luaigh mé níos luaithe, tá sé beartaithe againn caiteachas caipitil de €230 milliún san iomlán a thabhu thar téarma an Phlean Cúig Bliana seo. As seo, tá sé beartaithe againn €28 milliún a chaitheamh i 2023, a bheidh ar an infheistíocht chaipitil is mó i stair an Phoirt.

Féachann Athbhreithniú Straitéiseach Fhís 2041 ar Inbhear na Sionainne ar fad agus tá sé struchtúrtha thar thrí phríomhthéama nó mar phríomhthiománaí le haghaidh fáis agus fairsingithe amach anseo:

- i. Imscaradh Gaoithe Amach ón gCósta ag Snámh (FLOW) ar scála.
- ii. Forbairt agus Aistriú Glas Tionsclaíoch a éascaíonn táirgeadh breoslaí malartacha.
- iii. Leathnú poirt riachtanach chun freastal ar sheirbhísí lóistíochta leathnaithe, éagsúlaithe agus níos inbhuanaithe.

## CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

### RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH (AR LEAN)

i) Maidir le hImscaradh na Gaoithe Amach ón gCósta ar Bharr Uisce ar scála, aithníonn an Coimisiún Eorpach go bhfuil an cumas méadaithe is mó ag foinsí fuinnimh in-athnuaite ag gaoth amach ón gcósta agus go bhfuil imscaradh fuinnimh gaoithe amach ón gcósta ag croílár sheachadadh an Mhargaidh Ghlais Eorpaigh le ceanglais chun suas le 450GW de gaoth amach ón gcósta a sheachadadh faoi 2050. Cruthaíonn sé seo dúshlán ollmhór do na poirt atá ann cheana féin chomh maith le deiseanna ó ghlúin go glúin chun bonneagar poirt saintógtha a bhunú a thacóidh leis an slabhra seachadta gaoithe amach ón gcósta atá ag teacht chun cinn. Is é Sionainn agus Fhainge an port domhain is gaire d’acmhainn ghaoithe an Atlantaigh arna chainníochtú ag níos mó ná 70GW laistigh de 36 uair an chloig taistil. Fuarthas amach in Athbhreithniú Straitéiseach Fhís 2041 gur féidir suas le 30 GW de seo a thógáil ón slabhra seachadta atá beartaithe in Inbhear na Sionainne faoi 2050. Léiríonn sé seo níos mó ná €50 billiún d’infheistíocht feirme gaoithe ar bharr uisce sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, rud a chruthaíonn na mílte post. Tá Inbhear na Sionainne suite go sainiúil chun príomhghníomhaíochtaí an tslabhra seachadta a óstáil ar an gcladach mar a leagtar amach na buntáistí comparáideacha uathúla seo a leanas:

- Cóngaracht don acmhainn: Éilíonn na modhanna deartha agus suiteála do thuirbíní gaoithe amach ón gcósta ar bharr uisce go ndéanfaí gníomhaíochtaí tionóil áirithe sách gar don fheirm ghaoithe. Mar gheall ar a shuíomh lárnach feadh an chósta thiar, is fearr Inbhear na Sionainne a shuíomh mar príomhionad seachadta agus oibríochtaí do gaoth amach ón gcósta ar bharr uisce.
- Áiseanna uisce domhain: Toisc go bhfuil tuirbín gaoithe amach ón gcósta ar bharr uisce curtha le chéile go hiomlán ag an bport roimh tharraingt fhliuch chuig an bhfeirm ghaoithe, teastaíonn uisce an-domhain taobh leis na háiseanna poirt. Mar cheann de na hinbhir is doimhne agus is fothain ar domhan agus atá uathúil d’Éirinn, tá lamairní iolracha (atá ann cheana féin agus pleanáilte) in Inbhear na Sionainne le doimhneacht uisce os cionn 15m taobh leis.
- Stóráil Fhliuch: Éilíonn na gníomhaíochtaí deiridh sa slabhra seachadta gaoithe amach ón gcósta ar bharr uisce stóráil cosanta in uisce (“nó stóráil fhliuch”). Tá réiteach rithábhachtach maolaíthe riosca ag baint le cumas neamh-chomhtháite Inbhear na Sionainne do stóráil fhliuch uisce domhain –ina bhfuil iomlán na gcéadta heicteár - chun lánacmhainneacht gaoithe amach ón gcósta san Atlantach a bhaint amach.
- Naisc láidre greille: Suite ag deireadh phríomhlínte tarchurtha trastíre 400kV na hÉireann agus le fostáisiúin mhóra ardvoltais ar a chladach, is fearr Inbhear na Sionainne a shuíomh chun feidhmiú mar nód glactha suntasach do leictreachas a ghintear ó gaoth amach ón gcósta san Atlantach.

ii) Thug Athbhreithniú Fís 2041 faoi deara freisin go bhfuil Inbhear na Sionainne suite go hidéalach chun ról ceannasach a ghlacadh i bhforbairt thionsclaíoch ghlas. Mar gheall ar chóngaracht Inbhear na Sionainne do raidhse fuinnimh in-athnuaite ó gaoth amach ón gcósta, tá an cumas ann do tháirgeadh suntasach breoslaí agus bunábhair atá comhoiriúnach glan-nialas, amhail hidrigin ghlas agus a díorthaigh éagsúla. Chomh maith le tionscal áitiúil a athrú ó bhonn agus cuidiú leis an tír dlús a chur lena haistriú go todhchaí glan-nialas, cuirfidh sé sin le slándáil fuinnimh na hÉireann de réir mar a laghdaíonn sé an spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe.

iii) Ar deireadh, thug ár n-athbhreithniú faoi deara freisin an gá atá le leathnú poirt chun freastal ar sheirbhísí lóistíochta leathnaithe, éagsúlaithe agus níos inbhuanaithe. Seachas foinsí in-athnuaite, earnáil bhunúsach amháin a mheastar a leanfaidh ar aghaidh ar chonair leathnaithe is ea lasta coimeádta agus ina leith seo, is é an cuspóir atá againn seirbhísí láraithe ó Fhainge a chur i bhfeidhm. Tugtar faoi deara gur tháinig méadú 3-4% ar thonnaistí láraithe le roinnt bliana anuas. Agus an Creat Pleanála Náisiúnta ag tuar go mbeidh fás os cionn 1 mhilliún duine ar an daonra faoi 2040 nó 16% ar dhaonra an lae inniu, cuirfidh an t-éileamh lasta gaolmhar brú ollmhór incriminteach ar an slabhra soláthair láraithe atá ann faoi láthair. Nuair a chuirtear tús le seirbhísí nua ó/chuig Faing, nuair a chríochnófar Scéim Bóithre Fhainge go Luimneach, soláthrófar acmhainn láraithe nua don slabhra soláthair náisiúnta laistigh de dhá uair go leith d’am taistil thart ar 75% de OTI na tíre. Agus cothromaíocht

## CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

### RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH (AR LEAN)

láidir réigiúnach á soláthar ag na seirbhísí seo, soláthróidh siad rogha eile laghdaithe carbóin seachas trácht láraithe ag dul soir, má tá bealach níos giorra, nach bhfuil chomh plódaithe céanna, chun an mhargaidh atá níos fabhraí don timpeallacht a chur i bhfeidhm.

Chuir an Bord fáilte mór roimh bhunú Thascfhórsa Eacnamaíocht Inbhear na Sionainne agus leanann sé de bheith ag tacú go hiomlán lena aidhmeanna measúnú a dhéanamh ar láidreachtaí straitéiseacha Inbhear na Sionainne ó thaobh infheistíochta agus forbartha fiontraíochta de, i gcomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuilleadh scóipe a dhéanamh ar réimsí deiseanna féideartha d’Inbhear na Sionainne agus ceanglais bheartais agus infheistíochta a shonrú chun leas a bhaint as na réimsí féideartha sin. Comhroinneann agus tacaíonn an Bord le fíis an Tascfhórsa, mar atá leagtha amach ina Thuarascáil Eatramhach a foilsíodh i mí na Samhna 2022, go dtugann “Inbhear na Sionainne deis chun straitéis inbhuanaitheachta agus fáis na hÉireann agus na hEorpa a athrú ó bhonn. Is féidir linn teorainn nua éicea-fhuinnimh-eacnamaíoch an AE a chruthú trí imeall nádúrtha ár n-oileán a úsáid trí acmhainní in-athnuaite gan teorainn agus é sin a dhéanamh de mheon pobail. Mar aon le nuálaíocht dhomhain-theicneolaíochta, déanfaidh an teorainn nua seo athnuachan agus daingniú ar thodhchaí fhuinnimh na hÉireann agus na hEorpa”

Maidir le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtais a chur chun cinn, mar a luadh thuas, tá sé i gceist ag an bPort, atá ina mhol mór cheana féin d’earnáil na gaoithe ar tír, é féin a bhunú tuilleadh mar an mol roghnaithe d’earnáil na gaoithe amach ón gcósta maidir le rochtain ar an Atlantach. Tá go leor tionscnamh eile sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, áfach, ar féidir linn cur leo, mar shampla, an slabhra soláthair a dhíchárbónú trí Fhainge a bhunú mar mhol lasta agus trí aistriú módúil ó Fheithiclí Earraí Troma go hiarnród a chur chun cinn trí fhorbairt na líne iarnróid idir Faing agus Luimneach. Tá sé léirithe le blianta beaga anuas go bhfuil móiminteam dearfach suntasach tagtha maidir le hathoscailt na líne iarnróid agus d’fhoilsigh Iarnród Éireann (IR) a Straitéis Lastais Iarnróid 2040 i mí na Nollag 2021. Tá an straitéis seo ar aon dul le Tionscadal Éireann 2040, an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, chomh maith le Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe an tAontas Eorpaigh agus Margadh Glas an AE agus is athrú mór í ar fhócas iarnród Éireann ar lasta iarnróid in Éirinn. Tá lúcháir orainn a thuairisciú gur chríochnaigh Iarnród Éireann i gcomhar leis an Roinn Iompair an soláthar le linn 2022 agus gur cheap muid príomhchonraitheoir le haghaidh oibreacha Chéim 1 chun an líne iarnróid idir Faing agus Luimneach a athbhunú. Agus é seo á scríobh, tá tús curtha le réamhoibreacha agus tá na ráilí iompórtáilte go Faing cheana féin thar dhá lastas le haghaidh an 40 ciliméadar iomlán d’athsholáthar rianta. Is príomhchuspóir de chuid Fhís 2041 é an t-athchur iarnróid 40 ciliméadar seo.

Sonraíonn Fís 2041 dhá chuspóir shoiléire do thodhchaí Dhugaí Ted Russell agus na tailte gaolmhara i bPort Luimnigh. Ba é an chéad cheann ná port oibre a chur chun cinn agus a chothabháil agus ba é an dara ceann ná toradh tráchtála a bhaint amach ar a shócmhainní neamhlárnacha. Fuarthas dhá thoiliú pleanála rathúla maidir le hathchóiriú Fhoirgneamh Mhuileann Bannatyne, foirgneamh muileann álainn Victoiriach liostaithe ar Bhóthar an Duga chun 40,000 troigh chearnach de spás oifige tráchtála ardchaighdeán a sholáthar. Is é seo an chéad mhórtionscadal athghiniúna atá beartaithe do shócmhainní neamhlárnacha i gceantar na nDugaí i Luimneach. Fuair an Port cead pleanála freisin chun bonneagar cois cé a thógáil a éascaíonn an chéad ionad sonraí ar bharr uisce in Éirinn áit a bhfuil sé beartaithe ag tionscnóir an tionscadail, Nautilus Technologies, €35 milliún a infheistiú chun ionad sonraí 10 MW a thógáil, an chéad cheann dá leithéid san Eoraip. Cé go raibh tionchar áirithe ag COVID-19 ar rolladh amach leanúnach na dtionscadal seo, i 2022 chuaigh Muilte Bannatyne ar aghaidh go dtí céim mhionsonraithe dearaidh chun deimhniú rátála foirgneamh glas LEED (Ceannaireacht i bhFuinneamh agus Dearadh Timpeallachta) a áireamh. Agus é seo á scríobh, tá an dearadh mionsonraithe seo iomlán a bheag nó a mhór le hathbhreithniú costais iomlán agus nuashonrú ar an samhaltú airgeadais agus infheistíochta atá ar siúl. Tugann Nautilus le fios go bhfuil an dearadh mionsonraithe maoinithe curtha i gcrích acu agus go bhfuil siad tiomanta dá dtionscadal i Luimneach a chur chun cinn agus táthar ag súil gurb é Márta 2025 amlíne an tionscadail do choimisiúnú ionaid sonraí.

## **CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

### **RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH (AR LEAN)**

#### **Aitheantais**

Is mian liom buíochas a ghabháil le mo chomh-Stiúrthóirí as an obair leanúnach a rinne siad ar son na Cuideachta i rith na bliana.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Uasal Eamon Ryan, TD, an tAire Iompair agus an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide as an tacaíocht leanúnach a thug sé le bliain anuas. Ba mhaith liom ár mbuíochas a chur in iúl dá chuid oifigeach roinne go léir as a gcomhoibriú leanúnach leis an gCuideachta agus as a dtacaíocht thiomanta don Chuideachta le linn na tréimhse athbheithnithe.

## **CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

### **RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH (AR LEAN)**

Ba mhaith liom buíochas agus aitheantas a thabhairt do na páirtithe leasmhara ar fud an Phoirt ar nós ár gcustaiméirí, soláthraithe, rialtóirí, lucht gnó agus pobail áitiúil a thug tacaíocht dúinn i 2022 agus a bhfuil a dtacaíocht leanúnach ríthábhachtach do rath an Phoirt.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach, an tUasal Pat Keating, an fhoireann bhainistíochta agus an fhoireann as a gcuid oibre crua, a n-inspreagadh agus a gcomhoibriú le linn 2022 agus díriú ar phlean agus acmhainneacht Phort na Sionainne agus Fhainge a sheachadadh.

**David McGarry**  
**Cathaoirleach**  
**Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge**

**Dáta 31 Márta 2023**

## CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

### ATHBHREITHNIÚ GNÓ AGUS OIBRIÚCHÁIN

#### Athbhreithniú Oibriúcháin

Cuireadh tús leis an mbliain le móiminteam láidir ag eascairt as an laghdú ar thionchair COVID-19 agus na péacáin ghlasa a bhaineann le hathoscailt an gheilleagair dhomhanda. Mar sin féin, de réir mar a tháinig an bhliain chun cinn, spreag imeachtaí ar nós an chogaidh san Úcráin agus múchadh leanúnach sa tSín leibhéil boilscithe nach bhfacthas le breis agus ceithre scór bliain. Rinne na gaotha cinn seo mar aon le géarú láidir airgeadaíochta domhanda soláthar do thimpeallacht eacnamaíoch níos measa faoi dheireadh na bliana.

D'ainneoin an méid thuasluaite, tá an geilleagar athléimneach go dtí seo agus léiríonn feidhmíocht oibriúcháin 2022 na Cuideachta an fheidhmíocht eacnamaíoch níos leithne go mór. Cé go raibh roinnt cúngú ó fheidhmíocht airgeadais 2021 is mó riamh, tá luchtáir orainn mar sin féin tuilleamh an-láidir a thuairiscíú don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022. Don dara bliain ina stair amháin, thaifead an Chuideachta EBITDA (Tuilleamh roimh ús, dímhéas agus amúchadh) ag dul thar €7m agus glan-airgead tirim ó oibriúcháin a sháraigh €6.5m.

Cé gur tháinig laghdú 10.5% go 9.8 milliún tonna (2021:11.0 milliún tonna) ar thréchuir thonnáiste Inbhear foriomlána, tháinig laghdú díreach 0.7% ar láimhdeachas go €15.9m (2021: €16.0m). Léiríonn an fheidhmíocht seo na tionchair dhifriúla atá ag na macra-threochtaí níos leithne a luaitear thuas ar na hearnálacha bunúsacha agus ina theannta sin, ar cibé acu a d'aistrigh tréachur ag ár gcríochfoirt lasta ginearálta nó ag críochfoirt faoi úinéireacht phríobháideach ar Inbhear na Sionainne. Mar shampla, maidir leis an dara ceann, tháinig laghdú suntasach ar allmhairí giniúna leictreachais ón mbliain roimhe sin. Maidir le críochfoirt lasta ginearálta na Cuideachta féin, cé gur tháinig laghdú beag ar thonnaistí, tháinig méadú ar láimhdeachas mar gheall ar shaintréithe meascáin lasta, méaduithe ar ioncam stórála agus deiseanna ioncaim imeallacha eile a bhaint amach.

Mar a luadh, bhí leibhéil éagsúla tionchair ag earnálacha bunúsacha ag eascairt as ganntan an tslabhra soláthair agus/nó an clár oibre dícharbónaithe. Tháinig fás láidir bliain ar bhliain ar an earnáil in-athnuaite le clár láidir allmhairithe do thuirbíní ar tír. Tháinig laghdú ar earnáil na tógála agus ar thráchtearraí gaolmhara amhail stroighin, cruach agus dramh-mhiotail de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh. Bhí torthaí measctha ag lastais talmhaíochta, arna dtiomáint ag praghas láidir bainne agus d'fheidhmigh beatha ainmhithe go láidir ach maolaíodh go pointe iad trí allmhairí laghdaithe leasacháin. D'fheidhmigh iompar agus breoslaí eitlíochta go maith in aghaidh na bliana roimhe sin agus is dócha go dtiocfaidh méadú ar thréachur bliain i ndiaidh bliana de réir boilscithe praghsanna de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh. Tríd is tríd, d'fheidhmigh ár gcríochfoirt lasta ginearálta i Luimneach agus i bhFainge go maith agus tháinig méadú ar láimhdeachas bliain i ndiaidh bliana de réir mar a bhí na críochfoirt seo ag feidhmiú ag leibhéil arda go stairiúil.

Tá an bhainistíocht fós tiomanta do rialú costais agus cé go raibh sciorradh in aghaidh EBITDA (Tuilleamh roimh ús, dímhéas agus amúchadh) bliain ar bhliain agus brabús oibriúcháin, tugtar faoi deara gur chuir an bhliain roimhe sin feidhmíocht níos airde in áirithe. Mar sin féin tá EBITDA (Tuilleamh roimh ús, dímhéas agus amúchadh) de €7.0m (2021: €7.6m) fós ar an dara ceann is airde a thuairiscigh an Chuideachta riamh. Tá brabús oibriúcháin de €4.4m (2021: €5.5m) laghdaithe trí choigeartú neamhairgead de thimpeall €550k. Baineann sé seo le coigeartú cuntasaíocht aon uaire ar chaiteachas caipitlithe roimhe seo a bhaineann le hathchur líne Iarnróid Luimnigh go Faing, atá ar siúl anois. Tá an tsócmhainn forbartha doláimhsithe gaolmhar caite go hiomlán anois sa chuntas brabúis & caillteanais as ar dtáinig muirear iomlán amúchta sa bhliain de €1.04 milliún, méadú de €886k ón mbliain roimhe sin. Aithníodh Deontas CEF (an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa) go hiomlán sa tréimhse freisin, rud a mhéadaigh amúchadh deontais go €0.73 milliún ó €0.39 milliún sa tréimhse roimhe sin.

Is ionann an fheidhmíocht airgeadais seo agus corrlach EBITDA (Tuilleamh roimh ús, dímhéas agus amúchadh) de 44.2% (2021: 47.5%), tá an laghdú corraigh bliain ar bhliain inchurtha go príomha i leith costais níos airde in oibriú agus cothabháil agus boilscíú costais bhreosla mar phríomhthiománaí. Ina theannta sin, chuir roinnt saintréithe meascán críochfoirt leis freisin.



## CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

### AHTBHREITHNIÚ GNÓ AGUS OIBRIÚCHÁIN (AR LEAN)

Soláthraíonn na heachtraí tragóideacha atá ag tarlú san Úcráin mar aon leis na gaotha cinn eacnamaíocha domhanda a thuairiscítear go forleathan dearcadh i bhfad níos neamhchinnte agus níos so-ghalaithe don ghearrthéarma ná mar a bhí anuraidh. Cé go leanfaimid orainn ag bainistiú na rioscaí a bhaineann le luaineacht ghearrthéarmach, táimid ag díriú ar an meántéarma agus ar an bhfadtéarma freisin. Le feidhm forbartha gnó leathnaithe, tá réimsí spriocdhírthe aitheanta againn a spreagfaidh fás ioncaim sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Ina theannta sin, tugaimid faoi deara réamh-mheastachán an Chreata Pleanála Náisiúnta ar fhás 20% sa daonra faoi 2040. Spreagfaidh an fás daonra seo fás coibhéiseach ar lasta náisiúnta. Tá ár gcríochfoirt lasta ginearálta suite go maith agus suite go hiomaíoch chun an fás réamh-mheasta seo a mhealladh. Ina theannta sin, táimid in ann an gnó a mhaoiniú agus táimid ag soláthar an bhonneagair a chuireann le hacmhainn i Luimneach agus i bhFainge agus in Inbhear na Sionainne chun freastal ar an éileamh a bheidh ann amach anseo.

Cé go bhfuil brabúis shláintiúla á nginiúint go seasta ag an ngnó anois, tá go leor éileamh suntasach ar shreabhadh airgid mar an Clár Infheistíochta leathan atá mar bhonn agus thaca ag Fís 2041, an riachtanas dochraideach maoinithe pinsin agus an riachtanas maoinithe fiachais amach anseo. Go deimhin, maidir leis an dara ceann agus le rátaí úis réamh-mheasta anois ag fanacht níos airde ar feadh tréimhse níos faide, fanfaidh bainistíocht shreafa airgid mar phríomhfhócas don Bhainistíocht. Dá réir sin, tá sé ríthábhachtach go leanfaimid ar aghaidh ag fás ioncaim de réir ár bPlean Straitéiseach agus níos tábhachtaí fós, go leanfaimid de bheith ag rialú costais go láidir ionas gur féidir linn cur leis an rath a bhí orainn le déanaí. Maidir leis seo, tá an Bhainistíocht dírithe go láidir i gcónaí ar chorrach a mhéadú trí chostais a bhainistiú agus ioncam a mhéadú trí Luimneach agus Faing chun gearáil iomlán a dhéanamh ar a hacmhainn fheabhsaithe ar thaobh an chladaigh agus ar shócmhainní suntasacha talún agus stórála.

#### Pleanáil Acmhainne & Maoiniú

Mar gheall ar an seachadadh comhsheasmhach le roinnt blianta anuas de thorthaí láidre oibriúcháin agus airgeadais leanann ár gclár comhardaithe ag leathnú agus ag neartú. Mar shampla, mhéadaigh glansócmhainní bliain ar bhliain de 9.6% go €59m. Díreach cúig bliana ó shin thuairiscigh an Chuideachta glansócmhainní de €38m. Mar an gcéanna, tuairiscítear sreabhadh airgid oibriúcháin glan de €6.5m do 2022, méadú 30% ar an bhfigiúr comhfhreagrach cúig bliana ó shin de €5m. Ina theannta sin, fanann an Chuideachta i nglanstaoid airgid thirim (i.e. iarmhéideanna airgid thirim a sháraíonn an ollfhiachas gan íoc) de €4m le fiachas comhlán ag 31 Nollaig 2022 de €1.9m. Chuir an neart feidhmíochta seo ar chumas na Cuideachta a Clár Infheistíochta uailmhianach atá mar bhonn agus thaca ag Fís 2041 a chur i bhfeidhm.

Mar gheall ar an méid agus na ceanglais ghaolmhara earnála a sainithníodh i bhFís 2041 agus in Athbhreithniú Straitéiseach Fhís 2041, tá gá le hinfeistíocht shuntasach in acmhainn bhreise sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go gcuirfear ár gClár Infheistíochta i bhfeidhm go leanúnach agus meastar go gcríochnófar roinnt tionscadal cáipitil leanúnach thart ar €30m in H2 2023. Is éard atá sna tionscadail seo ná tógáil ché nua 117m chun dul isteach sna Lamairní Thoir agus Thiar i bhFainge, inlínadh don ché ghaolmhar atá leagtha síos mar aon le forbairt Chéim 1 ar an láithreán 38 heicteár ag Faing mar pháirc ghnó poirt. Léiríonn na tionscadail seo na tionscadail cáipitil is mó a rinne an Chuideachta go dtí seo agus tá siad le bheith críochnaithe i 2023.

Tá lúcháir orainn a thabhairt faoi deara an dul chun cinn suntasach a rinneadh ar nascacht chúlchríoch an Phoirt le linn 2022. Tugadh cead pleanála don Scéim idir Luimneach agus Faing (lena n-áirítear seachbhóthar Áth Dara) i mí Lúnasa 2022, ach tuigimid go bhfuil sé faoi réir imeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh. Meastar go bhfuil an Scéim Bóithre seo ina bonneagar ríthábhachtach nascachta cúlchríche le go bhféadfaidh an Port forbairt agus leathnú a dhéanamh de réir mar éilíonn Fís 2041, Athbhreithniú Straitéiseach Fhís 2041, Beartas Calafóirt Náisiúnta agus AE, an Creat Pleanála Náisiúnta agus an Plean Forbartha Náisiúnta.

## **CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

### **AHTBHREITHNIÚ GNÓ AGUS OIBRIÚCHÁIN (AR LEAN)**

Tá luchtóir orainn a thabhairt faoi deara freisin gur chríochnaigh Iarnród Éireann i gcomhar leis an Roinn Iompair soláthar agus gur cheap siad príomhchonraitheoir chun an líne iarnróid idir Faing agus Luimneach a athbhunú le linn 2022. Agus é seo á scríobh, tá tús curtha le réamhoibreacha agus tá na ráillí iompórtáilte go Faing cheana féin le haghaidh an 40 ciliméadar iomlán d'athsholáthar rianta. Tá an t-athchur iarnróid €104m 40 ciliméadar seo ina phríomhchuspóir ag Fís 2041 agus Athbhreithniú Straitéiseach Fís 2041 agus i mbeartais phoirt náisiúnta agus AE. Tá sé beartaíte go n-osclóidh an líne arís do sheirbhísí lasta i 2025. Beidh sé ina áisitheoir lárnach don Phort seirbhísí lóistíochta inbhuanaithe a fhorbairt ó Fhainge agus táimid ag tnúth le bheith ag obair le hIarnród Éireann ar an tionscadal tábhachtach seo de chuid an Phoirt.

## CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

### AHTBHREITHNIÚ GNÓ AGUS OIBRIÚCHÁIN (AR LEAN)

Mar a luadh, tá ról suntasach ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge maidir le cuidiú le haistriú na tíre chuig geilleagar ísealcharbóin. Nuashonraíodh ár gClár Infheistíochta Caipitil meántéarmach chun a chinntiú go mbeidh an acmhainn riachtanach ag an bPort don mheántéarma chun freastal ar an aistriú sin, go háirithe maidir le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta agus le hacmhainn beart domhain. Breathnaíodh ar riachtanais fhadtéarmacha san Athbhreithniú Straitéiseach ar Fhís 2041 agus déantar plé breise orthu thíos. Cé go bhfanann ár gClár Caipitil oiriúnach don fheidhm, mar gheall ar scála agus buntáistí socheacnamaíochta níos leithne a bhaineann le roinnt tionscadal pleanáilte san fhadtéarma, tá gá le hathbhreithniú ar mhaoiniú acmhainn poirt ar an leibhéal náisiúnta. Maidir leis an meántéarma, táimid sásta go bhfanfaidh leibhéal fhiachais, ag cur san áireamh an ráta úis reatha mar atá faoi láthair, laistigh d'acmhainn airgeadais an ghnó. Ina theannta sin, tacaíonn clár CEF (an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa) /TEN-T an AE lenár bpleananna infheistíochta trína bhfuil faomhadh faighte againn cheana féin ar feadh suas le €10m i maoiniú deontais an AE.

Laghdaigh ár n-easnamh pinsin le linn 2022 go €0.9m (2021: €3.8m). Tagann an laghdú suntasach seo chun cinn mar gheall ar an ráta lascaine méadaithe, arna chinneadh ag rátaí úis níos airde, a úsáidtear chun dliteanais Scéime a luacháil. Tugtar faoi deara go ndearnadh an luacháil dliteanais laghdaithe a mhaolú go pointe áirithe mar gheall ar dhrochfheidhmíocht sócmhainní, atá ag teacht le feidhmíocht ghinearálta mhargadh caipitil 2022. Leanadh le dí-riosca phunann sócmhainní na Scéime ó chothromas ardriosca le linn 2022. Tá an dí-riosca sócmhainne seo de réir Thogra Maoinithe na Scéime. Tugtar faoi deara go bhfuil na bunscéimeanna dúnta d'iontrálaithe nua agus go bhfuil thart ar €6m curtha leo ag an gCuideachta le cúig bliana anuas.

Tugtar faoi deara go bhfuil foráil déanta ag an mBord do dhíbhinní ina phlean straitéiseach reatha rollach cúig bliana 2023-2027 i gcomhréir lena Bheartas Díbhinní ceadaithe. D'ýoc an Chuideachta díbhinn de €400,000 i 2022.

Tá infheistíocht chaipitil le linn 2022 mar atá leagtha amach sna ráitis airgeadais.

### Inbhuanaitheacht & Timpeallacht

I gcomhréir le Plean Gníomhaíochta an Rialtais ar son na hAeráide, táimid ag forbairt creat inbhuanaithe atá oiriúnach chun gealltanais an Rialtais a chomhlíonadh (laghdú astuithe 51% faoi 2030 agus glan-nialas faoin 2050) agus riachtanais an ghnó á gcomhlíonadh againn. Tá Creat Gníomhaíochta Aeráide glactha ag an gCuideachta i gcomhréir leis an gcreat atá molta ag Ré Nua do chomhlachtaí leathstáit tráchtála. Tá an creat seo bunaithe ar chúig ghealltanais nó crann taca a ghlacadh a léiríonn cur chuige dea-chleachtais maidir le bainistíocht agus tuairisciú inbhuanaithe. Déanfar an Creat Gníomhaíochta ar son na hAeráide seo a fhorbairt agus a chomhtháthú inár gCóras Bainistíochta Comhtháite a chomhlíonann caighdeáin idirnáisiúnta faoi láthair lena n-áirítear ISO9001:2015, ISO45001:2018 & Scéim um Chlárú Timpeallachta Poirt (PERS).

### Ceartha an Duine & Comhionannas

Is eol dúinn ár ndualgais agus ár bhfreagrachtaí maidir le cearta an duine agus comhionannas a bhaineann le feidhmeanna agus cuspóir na Cuideachta agus creidimid, a mhéid is indéanta le réasún, go bhfuil beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha i bhfeidhm chun comhlíonadh a rialáil agus a bhaint amach.

Aithnímid an ceart go gcaithfear le dínit agus le meas agus táimid tiomanta do chinntiú go bhfuil cead ag gach oibrí a gcuid oibre a dhéanamh i dtimpeallacht shábháilte a thugann urraim do shláine gach duine.

Tá dínit fhoirmiúil, comhionannas & éagsúlacht i bhfeidhm againn i mbeartais agus nósanna imeachta oibre a leathnaíonn, de réir leagan amach, freagrachtaí ar gach oibrí lena n-áirítear fostaithe, stiúrthóirí, custaiméirí, soláthraithe agus páirtithe leasmhara eile a bhaineann lenár ngníomhaíochtaí. Tá cairt custaiméara atá ar fáil go poiblí i bhfeidhm ag an gCuideachta. Tugtar breac-chuntas sa chairt seo go mion ar ghealltanais na cuideachta maidir le comhionannas agus éagsúlacht agus tugtar faoi deara go gcaithfidimid go cothrom le gach páirtí

## CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

### AHTBHREITHNIÚ GNÓ AGUS OIBRIÚCHÁIN (AR LEAN)

leasmhar, beag beann ar chine, inscne, creideamh, aois, míchumas, stádas pósta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach nó ballraíocht i bpobail mhionlaigh nó eitneacha. Leathnaíonn an gealltanais seo chun na cearta chun córa comhionannais a áirithiú, arna mbunú le reachtaíocht chomhionannais agus déanann sé freastal ar an éagsúlacht, chun cur le comhionannas do na grúpaí sin atá clúdaithe ag an reachtaíocht chomhionannais. Leanfaimid orainn ag obair chun deireadh a chur le bacainní ar sheirbhísí rochtana do dhaoine atá thíos leis an mbochtaineacht agus leis an eisiáimh sóisialta agus dóibh siúd a bhfuil bacainní geografacha orthu ar sheirbhísí.

#### An Todhchaí

Tá Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge suite ar an sruthchúrsa is doimhne in Éirinn agus ar cheann de na hinbhir is doimhne ar domhan, Inbhear na Sionainne. Síneann sé go dtí os cionn 500km<sup>2</sup> agus tá doimhneacht cainéal suas le 32m aige. Tá dlínse mhuirí reachtúil ag Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge ar Inbhear na Sionainne ar fad agus tá sé ainmnithe mar Phort Shraith 1 ar leibhéal náisiúnta agus mar phort “conaire lárnach” ar líonra TEN-T an AE.

I 2013, d’fhoilsigh Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge a máistirphlean 30 bliain, Fís 2041, ag cur síos ar chuspóirí an Phoirt amach anseo don mheántearma agus don fhadtearma. Thug ceann de na cuspóirí seo le fios go ndéanfaí athbhreithniú thar thréimhse ama 7 go 10 mbliana. Dá réir sin, críochnaíodh Athbhreithniú Straitéiseach Fís 2041 le linn 2022 agus sheol an tAire Iompair, Eamonn Ryan, é i mí na Samhna seo caite.

Tá sé leagtha amach san Athbhreithniú Straitéiseach ar an Fhís 2041 seo, tabhairt san áireamh an t-athrú dinimic pholaitiúil, timpeallachta agus mhargaidh ó foilsíodh Fís 2041. Baineann na hathruithe is suntasaí ar fad le hathrú aeráide domhanda agus leis na freagairtí beartais chun dul i ngleic lena éifeachtaí ar leibhéal Náisiúnta agus Eorpach. Achtaíodh an Dlí Eorpach Aeráide de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus an tAcht Gníomhaithe ar son na hAeráide na hÉireann agus an tAcht um Fhorbairt Ísealcharbóin go foirmiúil i 2021 agus leagadh síos sprioc atá ceangailteach ó thaobh dlí de maidir le hastaíochtaí charbóin glan-nialas faoi 2050. Tá impleachtaí na bpíosá reachtaíochta seo an-mhór agus fadréimseach go háirithe maidir le hInbhear na Sionainne, a mbeidh ról lárnach ag a n-uiscí domhain atá ag tarlú go nádúrtha agus atá fairsing i seachadadh na gcuspóirí sin.

Ar an gcéad dul síos, beidh gá le méadú suntasach ar chumas giniúna leictreachais in-athnuaite chun “Glan-Nialas” a bhaint amach agus aithníonn an Coimisiún Eorpach go bhfuil - i measc na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite éagsúla - go bhfuil an cumas is mó ag gaoth amach ón gcósta. Ina shuí ar leac an dorais d’acmhainneacht mhór gaoithe amach ón gcósta san Aigéan Atlantach, tugtar deis gan fasach d’Inbhear na Sionainne.

Ar an dara dul síos, chun cuspóirí aeráide Náisiúnta agus Eorpacha a bhaint amach, beidh gá le haistriú na dtionscail atá ann cheana féin chomh maith le tionscail nua atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite (“glas”) a bhunú. Áirítear leis seo táirgeadh breoslaí dócháin malartacha, nialas carbóin agus atá neodrach ó thaobh carbóin de (i.e. “breosla sintéiseach”) le húsáid ag na limistéir thomhaltais an fhuinnimh sin nach féidir a leictriú go díreach. Is mórmhol táirgthe agus stórála é cheana féin agus le rochtain réidh ar na bpríomhbhealaí chun an mhargaidh le haghaidh breoslaí sintéiseacha, tá Inbhear na Sionainne suite go maith chun réabhlóid ghlas tionsclaíoch a threorú d’Éirinn.

Mar gheall ar a bhuntáistí comparáideacha gan sárú, léiríonn Athbhreithniú Straitéiseach Fhís 2041 gur féidir le hInbhear na Sionainne acmhainn a sholáthar chun slabhra soláthair a éascú a thacaíonn le tógáil bhliantúil suas le 1,400MW de gaoth amach ón gcósta ar bharr uisce in aghaidh na bliana le 30 GW faoi 2050. Ina theannta sin, d’fhéadfaí leictrealóir 2GW le haghaidh táirgeadh hidrigine agus breoslaí sintéiseacha le sruth, a lonnú ar Inbhear na Sionainne roimh 2030.

Ar deireadh, beidh dícharbónú slabhraí soláthair lárnach chun “Glan-Nialas” a bhaint amach faoi 2050. Is féidir

**CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR  
CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

**AHTBHREITHNIÚ GNÓ AGUS OIBRIÚCHÁIN (AR LEAN)**

ról lárnach a bheith ag Inbhear na Sionainne anseo arís mar óstach ar an aon chríochfort coimeádán atá in Éirinn, Sraith-1 Neo-Panamax (ag Port Domhain Fhainge atá beartaithe) le nasc iarnróid tiomnaithe, ag tabhairt isteach rogha eile slabhra soláthair carbóin níos éifeachtaí agus níos ísle.

## CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

### AHTBHREITHNIÚ GNÓ AGUS OIBRIÚCHÁIN (AR LEAN)

Léiríonn na deiseanna a ndírítear aird orthu thuas na trí phríomhspreagthaí fáis amach anseo d'Inbhear na Sionainne agus léiríonn siad na trí phríomhthéama nó phríomhchuspóir a forbraíodh in Athbhreithniú Straitéiseach Fhís 2041:

1. Gaoth Amach ón gCósta an Atlantaigh a Sheachadadh de réir Scála
2. Forbairt Thionsclaíoch Glas agus Aistriú
3. Seirbhísí Lóistíochta, Leathnaithe, Éagsúlaithe agus Níos Inbhuanaithe

Ina theannta sin, tá roinnt cuspóirí, mar iad siúd a bhaineann le Dugaí Luimnigh, gan athrú ó Fhís 2041. Seoladh Creatstraitéis Dugthailte Luimnigh i 2018 agus tá an Straitéis seo á chur i bhfeidhm go gníomhach. Dá réir sin, ní thagann Athbhreithniú Straitéiseach Fhís 2041 in ionad Fhís 2041 agus ba cheart é a léamh i gcomhair leis.

Maidir le bonneagar nua poirt, léiríonn Athbhreithniú Straitéiseach Fhís 2041 gur cosán ríthábhachtach iad críochfort domhain nua ar Oileán Fhainge agus straitéis chun an eangach amach ón gcósta a fhorbairt (b'fhéidir feadh chonairí cábla mara a aithníodh san Athbhreithniú seo) agus gur cheart go mbeadh siad i bhfeidhm na deich bliana seo chun cur ar chumas na hearnála oibleagáidí glan-nialais a ghríosú agus a chomhlíonadh faoi 2050.

Maidir le méideanna lasta, rinneadh anailís agus athbhreithniú ar réamh-mheastacháin tréchur inbhear na Sionainne. Coinníodh an creat cás bonn, lár agus ard le réamh-mheastacháin go dtí 2041 anois idir 13m tona sa bhliain don bhunchás go 22m tona san bhliain don chás ard. Cuireann na réamh-mheastacháin seo san áireamh an t-aistriú ó bhreoslaí iontaise go fuinneamh carbóin nialasach lena n-áirítear breoslaí sintéiseacha. Dá réir sin, beidh an lamairne domhain nua ag Faing dhá fheidhm, ag soláthar acmhainne do shaoráid chomhtháthaithe le haghaidh acmhainn gaoithe amach ón gcósta ar bharr uisce agus poirt chun riachtanais náisiúnta lasta a éascú. I gcomhar le hAthbhreithniú Straitéiseach Fhís 2041, ullmhaíodh réamhanailís ar shochar costais agus plean maoinithe táscach don lamairne domhain nua 800m ag Faing.

Mar a luadh, fuarthas amach san Athbhreithniú Straitéiseach gur féidir le Port na Sionainne agus Fhainge, lena n-áirítear an ché dhomhain nua atá beartaithe ag Faing, toilleadh suntasach lasta a chur leis an slabhra soláthair náisiúnta. An rud is tábhachtaí ná go mbeidh an spásúlacht seo ag Faing suite ag pointe gan plódú sa líonra náisiúnta bóithre agus iarnróid mar gheall ar an dul chun cinn atá déanta i gculpóirí iompair Fhís 2041. Tá an nasc iarnróid ó Luimneach go Faing agus an Scéim Bóthair ó Luimneach go Faing fós aitheanta mar phríomhriachtanais in Athbhreithniú Straitéiseach Fhís 2041. Déanfaidh na naisc chúlchríche ríthábhachtacha seo mar aon leis na mbonneagair poirt atá beartaithe d'Fhainge, críochfoirt Fhainge ina mhórmhol náisiúnta lasta agus lóistíochta. Cinntíonn a rochtain mhuirí agus iompair talún gan sárú, lena eastát poirt 180 heicteár, gur féidir le Faing acmhainn agus athléimneacht shuntasach a sholáthar don slabhra soláthair náisiúnta.

Ina theannta sin, beidh cur i bhfeidhm rathúil den Athbhreithniú Straitéiseach Fhís 2041, trí dheiseanna aitheanta ORE (fuinneamh In-athnuaite amach ón gcósta) agus lóistíochta a sheachadadh, bunathraithe d'Inbhear na Sionainne, don réigiún agus don tír. Dá bharr seo, cruthóidh an tionchar eacnamaíoch na mílte post agus na billiúin euro infheistithe i mbonneagar agus saoráidí an tslabhra soláthair agus bealaigh chuig an mhargaidh sna 1200 heicteár de shuímh criosaithe timpeall Inbhear na Sionainne.

Maidir le Creatstraitéis Dugthailte Luimnigh (LDFS) táimid fós tiomanta chun é a chur i bhfeidhm. Is iad príomhchuspóirí na Straitéise spreagúla seo ná an port oibre a choinneáil agus a chur chun cinn ar a hachar de 15-heicteár agus iarmhéid ár n-eastát i nDugthailte Luimnigh á chur chun cinn do ghníomhaíocht tráchtála a bhaineann le poirt nó nach mbaineann le poirt. Maidir leis an dara ceann, is é athchóiriú foirgneamh Muileann Bannatyne 39k ft2 le haghaidh spás oifige tráchtála a chéad mhóρθionscadal. Bhí sé ar intinn againn tús a chur leis an tógáil le linn H2 2022, ach, tá síneadh ama mar thoradh ar luaineacht maidir le slabhraí soláthair tógála

**CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR  
CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

**AHTBHREITHNIÚ GNÓ AGUS OIBRIÚCHÁIN (AR LEAN)**

agus géarú airgeadaíochta. Tá sé ar intinn againn tús a chur le soláthar don tionscadal seo le linn H1 2023. Is idirghabháil lárnach é uasghrádú an t-acomhal ag Bóthar an Duga agus Ascaill Atlas chun éascú a dhéanamh ar thrácht an phoirt a theastaíonn i LDFS (gCreatstraitéis Dugháilte Luimnigh). Moltar dúinn go gcuirfead tús leis na hoibreacha sibhialta riachtanacha, chun an t-acomhal a uasghrádú, ar chríochnú na héadála éigeantaí a thionscain Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh (LCCC) go déanach i 2021.

Ar deireadh, tá an t-ionchas gearrthéarmach fós éiginnte ar chúiseanna a luadh thuas agus beidh siad seo níos measa go pointe ag na héifeachtaí ar thréchuir lasta mar gheall ar an aistriú ó iontaisí. Mar sin féin, tá deiseanna suntasacha ann sa mheántearma agus san fhadtearma don Phort i bhforbairt slabhra soláthair le haghaidh gaoithe amach ón gcósta ar bharr uisce agus ár gcumas lasta agus lóistíochta a leathnú. Tá réadú na ndeiseanna seo ag brath ar chur chun feidhme rathúil Fhís 2041 agus Athbhreithniú Straitéiseach Fhís 2041, atá ag brath go páirteach ar pháirtithe leasmhara éagsúla a dhéanann na gníomhartha forordaithe iontu.

**Aitheantais**

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár bhfostaithe go léir as a gcuid oibre crua agus a dtiomantas i rith na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an gCathaoirleach agus na Stiúrthóirí as an treoir agus an cúnaimh a thug siad dom agus don fhoireann Bainistíochta i rith na bliana. Gabhaim buíochas agus léirim ómós freisin don fhoireann i Rannóg Iompair Mhuirí na Roinne Iompair as a gcúnaimh agus a dtacaíocht i rith na bliana. Go sonrach, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht leanúnach atá acu maidir le cur i bhfeidhm ár máistirphlean, Fís 2041, agus an tacaíocht a thugann siad do dhul chun cinn Scéim Bóithre Luimnigh go Faing agus an tIarnród idir Luimneach agus Faing. Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh lenár gcustaiméirí as ucht a ngnó le linn na bliana agus táimid ag súil le n-oibriú leo arís sna blianta beaga romhainn.

**Pat Keating**  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge

**Dáta: 31 Márta 2023**

# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO BHAILL CHUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FAINGE DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

## Tuairim

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge (an “Cuideachta”) agus a fochuideachtaí (an “Grúpa”), a chuimsíonn an Cuntas Brabúis agus Caillteanais Chomhdhlúite, an Ráiteas Comhdhlúite Cuimsitheach Ioncaim, na Cláir Comhardaithe Chomhdhlúite agus Cuideachta, an Ráiteas Comhdhlúite agus Cuideachta ar Athruithe ar Chothromas, an Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid, agus an Anailís Chomhdhlúite ar Fhiachas, don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2022, agus na nótaí gaolmhara leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu ná dlí na hÉireann agus caighdeán chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais lena náirítear FRS 102 ‘An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann’. (Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar Leis go Ginearálta in Éirinn).

Is é ár dtuairim go ndéanann ráitis airgeadais Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge agus an Ghrúpa an méid seo a leanas:

- tugann siad léargas fíor agus cóir de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn maidir le sócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais an ghrúpa agus na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2022 agus maidir le feidhmíocht airgeadais agus sreafaí airgid an ghrúpa don bhliain airgeadais dar críoch ansin; agus
- ullmhaíodh i gceart iad de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

## Bunús na tuairime

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire) (ISAnna (Éire)) agus an dlí is infheidhme. Déantar cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid dár dtuarascáil ‘Freagrachtaí an iniúchára as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais’. Táimid neamhspleách ar an nGrúpa agus ar an gCuideachta de réir na gceanglas eitice a bhaineann lenár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil d’Iniúcháirí (Éire) arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (IAASA), agus na fógraí eiticiúla arna mbunú ag Cuntasóirí Cairte Éireann, arna gcur i bhfeidhm de réir mar a chinntear a bheith cuí sna himthosca don eintiteas. Tá ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta againn de réir na gceanglas seo. Creidimid go bhfuil dóthain fianaise iniúchta cuí faighte againn chun bonn a chur ar fáil dár dtuairim

## Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Agus muid ag déanamh iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tháingamar ar an gconclúid go bhfuil úsáid an stiúirthóra ar bhonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú oiriúnach.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níl aon neamhchinnteacht ábhartha aitheanta againn maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d’fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas an Ghrúpa nó na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, ar feadh dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta a n-údaraitear na ráitis airgeadais a eisiúint.

Tá cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúirthóirí maidir le gnóthas leantach sna hailt ábhartha den tuarascáil seo.



# **TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLÉACH DO BHAILL CHUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FAINGE DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

## **Eolas eile**

Cuimsíonn faisnéis eile faisnéis a chuimsítear sa Tuarascáil Bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúchóra orthu, lena n-áirítear Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na Stiúrthóirí, Ráiteas um Fhreagracht na Stiúrthóirí, Ráiteas ar Rialú Inmheánach, Ráiteas an Chathaoirligh agus Athbhreithniú Gnó agus Oibriúcháin. Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile. Ní chlúdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis agus, ach amháin a mhéid a luaitear a mhalairt go sainráite inár dtuarascáil, ní léirímid aon chonclúid dearbhaithe orthu.

I dtaca lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais, is é ár bhfreagracht an fhaisnéis eile a léamh agus, trí é sin a dhéanamh, machnamh a dhéanamh maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas arna fháil le linn an iniúchta, nó má tá an cuma air go bhfuil an fhaisnéis míshonraithe go hábhartha. Má shainaitnímid neamhréireanna ábhartha den sórt sin sna ráitis airgeadais, tá sé de dhualgas orainn a dhéanamh amach an bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha maidir leis an bhfaisnéis eile. Má bhaineann muid de thátal as, bunaithe ar an obair atá curtha chun feidhme againn, go bhfuil an fhaisnéis eile sin míshonraithe go hábhartha; éilítear orainn an fhíríc sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis seo.

## **Nithe a gceanglaítear orainn tuairisciú orthu le hAcht na gCuideachtaí, 2014**

- Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte againn a mheasamar a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta.
- Is é ár dtuairim gur leor taifid chuntasaíochta na Cuideachta chun gur féidir na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus i gceart.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
- Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na Stiúrthóirí comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais. Bunaithe ar an obair a rinneadh le linn ár n-iniúchta amháin, is é ár dtuairim go bhfuil tuarascáil na Stiúrthóirí ullmhaithe de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

## **Nithe a gceanglaítear orainn tuairisciú orthu trí eisceacht**

Bunaithe ar ár n-eolas agus ár dtuiscint ar an ngrúpa agus ar an máthairchuideachta agus ar a dtimpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níl aon ráitis neamhchruinn ábhartha aitheanta againn i dtuarascáil na Stiúrthóirí.

Faoi Acht na gCuideachtaí 2014, ceanglaítear orainn tuairisc a thabhairt duit mura bhfuil, inár dtuairim, luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí a shonraítear in ailt 305 go 312 den Acht nochta. Níl aon eisceacht le tuairisciú againn ag éirí as an bhfreagracht seo.

## **Nithe a gceanglaítear orainn tuairisciú orthu faoin gcód cleachtais um rialachas comhlachtaí stáit**

Déanaimid athbhreithniú ar an gcaoi a léiríonn an ráiteas ar rialú inmheánach a cheanglaítear leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit comhlíonadh na Cuideachta le hAguisín D den Chód, agus ar an gcaoi a bhfuil sé ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn ónár gcuid oibre iniúchta ar na ráitis airgeadais. Níl aon eisceacht le tuairisciú againn ag éirí as an gceanglas seo.

# TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLÉÁCH DO BHAILL CHUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FAINGE DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

## **Freagrachtaí na bainistíochta agus iad siúd atá freagrach as rialachas do na ráitis airgeadais**

Mar a mhínítear níos iomláine sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrtóirí, tá stiúrtóirí freagrach na ráiteas airgeadais a ullmhú a thugann léargas fíor agus cothrom de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, lena n-áirítear FRS102, agus as aon rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais atá saor ó ráiteas neamhchruinn ábhartha a chumasú, de bharr calaoise nó earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá stiúrtóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, ag nochtadh, de réir mar is infheidhme, ábhair a bhaineann le gnóthas leantach agus ag baint úsáide as an mbunús cuntasaíochta gnóthas leantach mura bhfuil sé i gceist ag an mbainistíocht an Grúpa nó an Chuideachta a leachtú nó oibriúcháil a stopadh nó mura bhfuil aon rogha réalaióch acu ach é sin a dhéanamh.

Tá siad siúd atá freagrach as rialachas freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar phróiseas tuairiscithe airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta.

## **Freagrachtaí an iniúcháir as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais**

Is iad cuspóirí an iniúcháir dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó ráitis neamhchruinn ábhartha, is cuma más de bharr calaoise nó earráide é agus chun tuarascáil iniúcháir a eisiúint a chuimsíonn ár dtuairim. Is leibhéal ard dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní ráthaíocht é go n-aimseoidh iniúchadh arna dhéanamh de réir ISAanna (Éire) ábhar ráitis neamhchruinn i gcónaí nuair a bhíonn sé ann. Is féidir le ráitis neamhchruinn teacht ó chalois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é go bhféadfaí a bheith ag súil le réasún go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí eacnamaíoch na n-úsáideoirí arna nglacadh bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir ISAanna (Éire), feidhmeoidh an t-iniúcháir breithiúnas gairmiúil agus coimeádfaidh sé amhras gairmiúil ar feadh an iniúchta. Déanfaidh siad freisin:

- Aithneoidh agus déanfaidh siad measúnú ar na rioscaí a bhaineann le ráitis neamhchruinn ábhartha sna ráitis airgeadais, más de bharr calaoise nó earráide é, dearfaidh agus comhlíonfaidh siad nósanna imeachta iniúcháir a fhreagróidh do na rioscaí sin, agus gheobhaidh siad fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a chur ar fáil dár dtuairim. Tá an riosca nach mbraithfear ráitis neamhchruinn ábhartha mar thoradh ar chalois níos airde ná an ceann a eascraíonn as earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gheobhaidh siad tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh a bheidh oiriúnach sna himthosca, ach gan tuairim a thabhairt ar éifeachtacht rialú inmheánach an Ghrúpa agus na Cuideachta.
- Déanfaidh siad meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochtadh gaolmhar arna ndéanamh ag an mbainistíocht.
- Cuirfidh siad críoch le hoiriúnacht úsáid na bainistíochta ar bhonn gnóthas leantach na cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas, an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chur ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagann siad ar an gconclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ní mór dóibh aird a tharraingt i dtuarascáil an iniúcháir ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil an nochtadh seo leordhóthanach, a dtuairim a athrú. Tá a gconclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta thuarascáil an iniúcháir. Féadfaidh an Grúpa agus an Chuideachta stop a chur mar ghnóthas leantach, áfach, de bharr imeachtaí nó coinníollacha sa todhcháil.
- Déanfaidh siad meastóireacht ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais,

**TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO BHAILL CHUIDEACHTA PHORT NA  
SIONAINNE AGUS FAINGE DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

lena n-áirítear an nochtadh, agus ar an gcaoi a léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach a bhainfidh léargas fíor agus cothrom amach.

# **TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO BHAILL CHUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FAINGE DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

Déanann an t-iniúcháir cumarsáid le haon duine atá freagrach as rialachas maidir le, i measc nithe eile, raon feidhme agus uainiú pleanáilte an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a d'fhéadfadh a bheith aitheanta le linn an iniúchta.

Sa chás go bhfuil an t-iniúcháir ag tuairisciú ar ráitis airgeadais chomhdhlúite, tá sé de fhreagracht ar an iniúcháir dóthain fianaise iniúcháireachta cuí a fháil maidir le faisnéis airgeadais na n-eintiteas nó gníomhaíochtaí gnó laistigh den Ghrúpa tuairim a chur in iúl ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite. Tá iniúcháir an Ghrúpa freagrach as stiúradh, maoirseacht agus feidhmíocht a dhéanamh ar iniúchadh an Ghrúpa, agus is é iniúcháir an Ghrúpa amháin atá freagrach as an tuairim iniúchta amháin.

## **Cuspóir ár gcuid oibre iniúchta agus na daoine a bhfuil ár bhfreagrachtaí dlite dóibh**

Déantar an tuarascáil seo do chomhaltaí na Cuideachta amháin, mar chomhlacht, de réir alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Tugadh faoinár n-obair iniúchta ionas go bhféadfaimis a lua do chomhaltaí na Cuideachta na nithe sin a gceanglaítear orainn a lua leo i dtuarascáil iniúchóra, agus ní chun críche ar bith eile. Chomh fada agus a cheadaítear faoin dlí, ní ghlacaimid freagracht d'aon duine seachas an Chuideachta agus comhaltaí na Cuideachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá déanta againn.

**Denise O'Connell FCA**  
Ar son agus thar ceann  
**GRANT THORNTON**  
Cuntasóirí Cairte  
Gnólacht Iniúchta Reachtúil  
Luimneach

**Dáta: 31 Márta 2023**

# **CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

## **BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA**

### **1. Eolas ginearálta**

Is éard atá sna ráitis airgeadais seo a chuimsíonn an Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Cailteanais, an Ráiteas Comhdhlúite Cuimsitheach Ioncaim, na Cláir Comhardaithe Chomhdhlúite agus Cuideachta, an Ráiteas Comhdhlúite agus Cuideachta ar Athruithe ar Cho thromas, an Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid, agus an Anailís Chomhdhlúite ar Fhíachas agus nótaí gaolmhara agus ráitis airgeadais Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge agus a Fochuideachtaí don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2022.

Is cuideachta ghníomhaíochta ainmnithe í Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge, atá corpraithe i bPoblacht na hÉireann. Faoi Alt 1446 d'Acht na gCuideachtaí 2014 ní cheanglaítear ar an gcuideachta an focal "DAC" a chur isteach ina hainm. Is é an oifig chláraithe agus príomhionad gnó na cuideachta ná Teach an Mhuilleann, Faing, Co. Luimnigh.

Tá cineál oibríochtaí na cuideachta agus a príomhghníomhaíochtaí leagtha amach sa Ráiteas Rialachais agus i dTuarascáil na Stiúrtóirí ar leathanaigh 3 go 9.

### **2. Beartais Chuntasaíochta**

#### **2.1. Bunús an ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta infheidhmithe lena n-áirítear Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 – “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann (‘FRS 102’), agus Reachta na hÉireann comhdhéanta d’Achtanna na gCuideachtaí 2014.

Éilíonn ullmhú ráiteas airgeadais de réir FRS 102 go n-úsáidfead meastacháin chriticiúla áirithe chuntasaíochta. Éilíonn sé freisin ar an mbainistíocht breithiúnas a fheidhmiú agus beartais chuntasaíochta an Ghrúpa á gcur i bhfeidhm acu (féach nóta 1).

Comhdhlúthaíonn ráitis airgeadais an ghrúpa ráitis airgeadais Chuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge agus a fochuideachtaí go léir a tharraingítear suas go dtí an 31 Nollaig gach bliain.

Bhain an chuideachta leas as alt 304 d'Acht na gCuideachtaí 2014 agus níl a Cuntas Brabúis agus Cailteanais féin curtha san áireamh aici sna ráitis airgeadais seo. Ba é brabús na máthairchuideachta roimh cháin don bhliain ná €4,156,919 (2021: €4,985,185).

Ceadaíonn FRS 102 díolúintí nochtá áirithe, agus bhain an chuideachta leas as na díolúintí seo a leanas do ráitis airgeadais na cuideachta:

- Ó ráiteas sreafaí airgid a ullmhú, ar an mbonn gur eintiteas cáilitheach é agus folaíonn an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid, atá san áireamh sna ráitis airgeadais seo, sreafaí airgid na cuideachta;
- Ó nochtadh príomhchúiteamh pearsanra bainistíochta na cuideachta, mar a éilíonn FRS 102 alt 33.7, toisc go bhfuil an fhaisnéis san áireamh i nochtadh an ráitis airgeadais chomhdhlúite.

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair i Euro (€).

Cuireadh na príomhbheartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm:

#### **2.2. Bunús an Chomhdhlúthaithe**

Comhdhlúthaíonn ráitis airgeadais an ghrúpa ráitis airgeadais na cuideachta agus a fochuideachta amhail is gur aonán aonair iad. Mar sin cuirtear deireadh iomlán le hidirbhearta idirchuideachta agus le

# CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

## BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

hiarmhéideanna idir cuideachtaí grúpa.

### 2.3. Ráiteas comhlíonta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir FRS 102 “An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann” (FRS 102).

### 2.4. Gnóthas leantach

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar réamh-mheastacháin agus ar thacaíocht airgeadais an ghrúpa a cuireadh ar fáil, tá ionchas réasúnach ag na stiúrthóirí go bhfuil dóthain acmhainní ag an ngrúpa le leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, leanann an grúpa ag glacadh leis an mbonn gnóthais leantaigh agus a ráitis airgeadais á n-ullmhú.

### 2.5. Ioncam

Aithnítear ioncam sa mhéid is gur dócha go sáróidh sochair eacnamaíocha na cuideachta agus gur féidir an t-ioncam a thomhas go hiontaoifa. Tomhaistear ioncam mar luach cóir na comaoine a fuarthas, seachas lascainí, lacáistí, cáin bhreisluacha agus cánacha díolacháin eile. Ní mór na critéir seo a leanas a chomhlíonadh sula n-aithnítear ioncam:

Léiriú seirbhísí

Aithnítear ioncam ó chonradh chun seirbhísí a sholáthar sa tréimhse ina gcuirtear na seirbhísí ar fáil de réir na céime a chríochnaítear an conradh nuair a shásaítear gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

- is féidir méid an ioncaim a thomhas go hiontaoifa;
- is dócha go bhfaighidh an Grúpa an chomaoin atá dlite faoin gconradh;
- is féidir an chéim chun an conradh a chríochnú ag deireadh na tréimhse tuairiscithe a thomhas go hiontaoifa; agus
- is féidir na costais a thabhaítear agus na costais chun an conradh a chur i gcrích a thomhas go hiontaoifa.

### 2.6. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Cuimsíonn costas na sócmhainní seasta inláimhsithe costais atá inchurtha go díreach, lena n-áirítear costais chúí coimisiúnaithe. Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas lúide dímheas carntha. Soláthraítear dímheas ag rátaí a mheastar a dhíscríobh sócmhainní seasta inláimhsithe faoi dheireadh a saoil úsáideacha ionchais. Is é polasaí na Cuideachta gan sócmhainní seasta a athluacháil.

Gearrtar dímheas chun costas na sócmhainní a leithdháileadh lúide a luach iarmharach thar a saol úsáideach measta, ag baint úsáide as modh an mhéid chothroim. Is iad seo a leanas na rátaí dímheasa a cuireadh i bhfeidhm:

	Blianta
<b>Bunús an Mhéid Chothroim</b>	
Dugaí, Céanna agus Oibreacha	7-50
Foirgnimh	2-50
Gléasra & Innealra	4-20
Daingneán & Feistis agus Trealamh Oifige	3-5
Mótarfheithiclí	5
Soilse Abhann	10
Gléasra & Trealamh ar Léas	4-7
Feabhsuithe Léasachta	10

**CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR  
CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

**BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)**

Ní dhéantar talamh a dhímheas.

# CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

## BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

### Sócmhainní Seasta Inláimhsithe (Ar lean)

Ní dhéantar dímheas ar an tógáil atá ar siúl.

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha, ar shaolréanna agus ar mhodhanna dímheasa na sócmhainní, agus déantar iad a choigeartú go hionchasach más cuí, nó má tá léiriú ann ar athrú suntasach ó dháta an chláir chomhardaithe deiridh.

Cinntear gnóthachain agus cailteanais ar dhiúscairtí trí na fáltais a chur i gcomparáid leis an tsuim ghlanluacha agus aithnítear iad sa Chuntas Brabúis agus Cailteanais.

### 2.7. Infheistíochtaí i bhfochuideachta

Ionchorpraíonn na ráitis airgeadais chomhdhlúite ráitis airgeadais na Cuideachta agus na n-eintiteas arna rialú ag an nGrúpa (a fhochuideachtaí). Baintear rialú amach nuair a bhíonn an chumhacht ag an nGrúpa beartais airgeadais agus oibríocháin aonáin a rialú chun sochair a fháil óna ghníomhaíochtaí.

Áirítear torthaí na bhfochuideachtaí a fuarthas nó a diúscaíodh i rith na bliana san ioncam cuimsitheach iomlán ó dháta éifeachtach an cheannaigh agus suas go dtí dáta éifeachtach na diúscairthe, de réir mar is cuí agus úsáid á baint as beartais chuntasaíochta atá comhsheasmhach le beartais chuntasaíochta na máthairchuideachta. Déantar gach idirbheart, iarmhéid, ioncam agus speansais ionghrúpa a dhíchur go hiomlán ar chomhdhlúthú.

Tugtar cuntas ar infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ag costphraghas lúide lagú sna ráitis airgeadais aonair.

### 2.8. Sócmhainní seasta doláimhsithe

#### Cáilmheas

Léiríonn cáilmheas an difríocht idir méideanna a íocadh ar chostas comhcheangail ghnó agus leas an fhaighteora i luach cóir scair an Ghrúpa dá shócmhainní inaitheanta agus dliteanais an fhaighteora ar dháta an cheannaigh. Tar éis aitheantais tosaigh, déantar cáilmheas a thomhas ag costas lúide amúchadh carntha agus cailteanais bhearnaithe carntha. Déantar cáilmheas a amúchadh ar bhonn an mhéid chothroim chuig an gCuntas Comhdhlúite Brabúis agus Cailteanais thar a shaolré úsáideach eacnamaíoch.

#### Sócmhainní doláimhsithe eile

Aithnítear sócmhainní doláimhsithe ag costphraghas ar dtús. Tar éis aitheantais, faoin tsamhail chostais, déantar sócmhainní doláimhsithe a thomhas ag costphraghas lúide aon amúchadh carntha agus aon chailteanais bhearnaithe carntha.

Meastar saolré úsáideach teoranta a bheith ag gach sócmhainn doláimhsithe. Mura féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar an saol úsáideach, ní rachaidh an tsaolré úsáideach thar deich mbliana.

Aithnítear costais forbartha mar shócmhainn doláimhsithe nuair a léirítear na critéir seo a leanas ar fad:

- Indéantacht theicniúil an fhorbartha a chríochnú ionas go mbeidh sí ar fáil le húsáid nó le díol;
- An rún an obair fhorbartha a chríochnú agus í a úsáid nó a dhíol;
- An cumas an obair fhorbartha a úsáid nó a dhíol;
- Conas a chruthóidh an obair fhorbartha tairbhí dóchúla eacnamaíoch sa todhchaí;
- Acmhainní leordhóthanacha teicniúla, airgeadais agus eile a bheith ar fáil chun an obair a chríochnú agus í a úsáid nó a dhíol; agus
- An cumas an caiteachas atá inchurtha i leith na hoibre forbartha a thomhas go hiontaofa.

Gearrtar amúchadh chun costas nithe doláimhsithe a leithdháileadh lúide a luachanna iarmharacha thar a



# CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

## BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

saolta úsáideacha measta, ag baint úsáide as modh an mhéid chothroim. Déantar costais fhorbartha a amúchadh thar 10 mbliana.

### Sócmhainní seasta doláimhsithe (Ar lean)

Má thugtar le fios go bhfuil athrú suntasach tagtha ar ráta amúchta luach iarmharach sócmhainne, déantar amúchadh na sócmhainne sin a athbhreithniú go hionchasach chun na hionchais nua a léiriú. Má sháraíonn glanluach cóir na sócmhainní agus na ndliteanas inaitheanta a fuarthas an costas a bhaineann le comhcheangal gnó, an barrachas suas go luach cóir na sócmhainní neamhairgeadaíochta.

### 2.9. Féichiúnaithe

Tomhaistear féichiúnaithe gearrthéarmacha ag praghas an idirbhirt, lúide aon lagú. Tomhaistear iasachtaí infhaighte ar dtús ag luach cóir lena n-áirítear costais idirbheartaíochta, agus déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin ag costas amúchta ag baint úsáide as an modh úis glan, lúide aon lagú.

### 2.10. Creidiúnaithe

Tomhaistear creidiúnaithe trádála gearrthéarmacha ag an bpraghas idirbhirt. Tomhaistear dliteanais airgeadais eile, lena n-áirítear iasachtaí bainc, ar dtús ag luach cóir lena n-áirítear costais idirbheartaíochta, agus déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin ag costas amúchta ag baint úsáide as an modh úis glan.

### 2.11. Airgead tirim agus coibhéisí airgid

Léirítear airgead tirim ag airgead ar lámh agus taiscí le hinstiúidí airgeadais atá in-aisíochta gan phionós ar fhógra nach faide ná 24 uair an chloig. Is infheistíocht an-leachtach í an choibhéis airgid thirim a aibíonn laistigh de thrí mhí ar a laghad ó dháta an cheannaigh agus atá inmhalartaithe go héasca go méideanna aitheanta airgid a bhfuil riosca neamhshuntasach ag baint leo maidir le hathrú ar luach.

Sa Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid, taispeántar airgead tirim agus coibhéis airgid thirim glan ó rótharraingtí bainc atá in-aisíochta ar éileamh agus atá mar chuid lárnach de bhainistiú airgid an Ghrúpa.

### 2.12. Léasanna

Faoi idirbhearta ina bhfuil an grúpa ina léasaí sócmhainní, tá an beartas cuntasaíochta ag brath ar aicmiú na léasanna bunúsacha mar léasanna airgeadais nó léasanna oibriúcháin. Faoi léasanna airgeadais láimhseáiltear na sócmhainní gaolmhara mar shócmhainní seasta agus déantar iad a dhímheas de réir bheartas dímheasa an ghrúpa. Leithdháiltear an muirear airgeadais iomlán faoi léasanna airgeadais ar thréimhsí cuntasaíochta thar théarma an léasa chun ráta seasta tréimhsiúil muirir a tháirgeadh ar iarmhéid na hoibleagáide atá fágtha do gach tréimhse chuntasaíochta. Gearrtar muirir faoi léasanna oibriúcháin ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse na léasanna faoi seach.

### 2.13. Deontais ón Rialtas agus ón Aontas Eorpach

Tugtar cuntas ar dheontais faoin tsamhail fabhráithe mar atá ceadaithe ag FRS 102. Cuirtear deontais a bhaineann le caiteachas ar shócmhainní seasta inláimhsithe chun sochair an Chuntais Brabúis agus Caillteanais ag an ráta céanna leis an dímheas ar na sócmhainní lena mbaineann an deontas. Áirítear gné iarchurtha na ndeontas mar ioncam iarchurtha le creidiúnaithe.

Aithnítear deontais de chineál ioncaim sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais sa tréimhse chéanna leis an gcaiteachas gaolmhar.

### 2.14. Ioncam Úis

Aithnítear ioncam úis sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais sa bhliain ina dtuilltear é.

**BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)**

**2.15. Costais Iasachta**

Aithnítear gach costas iasachta sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais sa bhliain ina dtabhaítear iad.

**2.16. Costais Airgeadais**

Gearrtar costais airgeadais ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais thar théarma an fhiachais ionas go mbeidh an méid a ghearrtar ag ráta seasta ar an tsuim ghlanluacha. Aithnítear costais eisiúna ar dtús mar laghdú ar fháltais na hionstraime caipitil gaolmhara.

**2.17. Taighde agus Forbairt**

Discríobhtar gach caiteachas ar thaighde agus ar fhorbairt de réir mar a thabhaítear é.

**2.18. Dridireacht**

Gearrtar costas gnáthhionscadail dreidireachta nó cothabhála ar an gCuntas Brabúis agus Caillteanais de réir mar a thabhaítear iad. Déantar caiteachas dreidireachta eile a chaipitliú agus a dhíscríobh thar a shaol eacnamaíoch.

**2.19. Cánachas Reatha agus Iarchurtha**

Cuimsíonn speansas cánach na bliana cáin reatha agus cáin iarchurtha. Aithnítear cáin sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais, ach amháin go n-aithnítear freisin in ioncam cuimsitheach eile nó go díreach i gcothromas faoi seach athrú atá inchurtha i leith míre ioncaim agus caiteachais a aithnítear mar ioncam cuimsitheach eile nó go mír a aithnítear go díreach i gcothromas.

Ríomhtar an muirear cánach ioncaim reatha ar bhonn rátaí cánach agus dlíthe atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dháta an chláir chomhardaithe sna tíortha ina n-oibríonn an Chuideachta agus an Grúpa agus ina ngintear ioncam.

Aithnítear iarmhéideanna iarchurtha i leith na ndifríochtaí ama ar fad a d'eascair ó dháta an Chláir Chomhardaithe ach nach bhfuil aisiompaithe aige, ach amháin:

- Tá aitheantas sócmhainní cánach iarchurtha teoranta chomh fada agus is dócha go n-aisghabhfar iad i gcoinne aisiompú dliteanais chánach iarchurtha nó brabús inchánach eile amach anseo;
- Déantar aon iarmhéideanna cánach iarchurtha a fhreaschur má shásaítear agus nuair a shásaítear na coinníollacha uile chun liúntais chánach a choinneáil; agus
- Nuair a bhaineann siad le difríochtaí ama maidir le leasanna i bhfochuideachtaí, comhlaigh, brainsí agus comhfhiontair agus is féidir leis an nGrúpa aisiompú na ndifríochtaí uainiúcháin a rialú agus ní mheastar go mbeidh aisiompú den sórt sin dóchúil sna blianta beaga atá amach romhainn.

Ní aithnítear iarmhéideanna cánach iarchurtha i leith difríochtaí buana ach amháin maidir le comhcheangail gnó, nuair a aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí idir luachanna córa na sócmhainní a fuarthas agus na hasbhaintí cánach a bheidh ar fáil dóibh amach anseo agus na difríochtaí idir luachanna córa na ndliteanas faighte agus an méid a dhéanfar a mheasúnú le haghaidh cánach. Socraítear cáin ioncaim iarchurtha ag úsáid rátaí cánach agus dlíthe atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dháta an chláir chomhardaithe.

**2.20. Pinsin**

Feidhmíonn an mháthairchuideachta trí scéim pinsin le sochar sainithe. Is scéimeanna oidhreachta iad go léir atá dúnta d'iontrálaithe nua. Cé go bhfuil na scéimeanna ar fad fós in easnamh, tá ranníocaíochtaí á

# CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022

## BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)

n-íoc ag an máthairchuideachta faoi láthair le Plean Aoisliúntais Chuideachta Chalafoirt Inbhear na Sionainne agus le Scéim Pinsin Chuideachta Chalafort Fhainge ag leibhéil a comhaontaíodh le hIontaobhaithe na scéimeanna.

Is plean pinsin é plean rann íocaíochta sainithe faoina n-íocann an chuideachta ranníocaíochtaí seasta isteach in aonán ar leith. Nuair a bhíonn na ranníocaíochtaí íoctha níl aon oibleagáidí íocaíochta eile ar an gcuideachta. Aithnítear na ranníocaíochtaí mar speansas sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais nuair a bhíonn siad dlíte. Taispeántar méideanna nár íocadh i bhfabhrú mar dlíteanas sa Chlár Comhardaithe. Coinnítear sócmhainní an phlean ar leithligh ón gcuideachta i gcistí a riartar go neamhspleách.

### 2.21. Ionstraimí airgeadais

Ní dhéanann an Chuideachta ach idirbhearta ionstraimí airgeadais bunúsacha as a n-aithnítear sócmhainní agus dlíteanais airgeadais amhail féichiúnaithe agus creidiúnaithe trádála agus eile, iasachtaí ó bhainc agus tríú páirtithe eile, iasachtaí do pháirtithe gaolmhara agus infheistíochtaí i ngnáthscaireanna neamh-inchurtha.

Déantar ionstraimí fiachais (seachas iad siúd atá in-aisíochta go hiomlán nó infhaighte laistigh de bhliain amháin), lena n-áirítear iasachtaí agus cuntais eile infhaighte agus iníoctha, a thomhas ar dtús ag luach reatha na sreafaí airgid amach anseo agus ina dhiaidh sin ag costas amúchta ag baint úsáide as an modh úis glan. Tomhaistear ionstraimí fiachais atá iníoctha nó infhaighte laistigh de bhliain amháin, go hiondúil nithe iníoctha trádála nó infhaighte, ar dtús agus ina dhiaidh sin, ag méid neamhlascainithe an airgid thirim nó na comaoine eile a bhfuiltear ag súil le híoc nó le fáil. Mar sin féin, más idirbheart maoinithe iad socruithe ionstraime gearrthéarmacha, amhail íocaíocht féich trádála arna iarchur thar na gnáth-thearmaí gnó nó arna maoiniú ag ráta úis nach ráta margaidh é nó i gcás iasachta gearrthéarmach glan amach nach bhfuil de réir ráta an mhargaidh, déantar an tsócmhainn airgeadais nó an dlíteanas airgeadais a thomhas, ar dtús, ag luach láithreach an tsreafa airgid amach anseo arna lascainiú ag ráta margaidh úis le haghaidh ionstraim fiachais chomhchosúil agus ina dhiaidh sin ag costas amúchta.

Déantar sócmhainní airgeadais a thomhaistear ag costphraghas agus ag an gcostphraghas amúchta a mheas ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe le haghaidh fianaise oibiachtúil ann maidir le lagú. Má aimsítear fianaise oibiachtúil ann maidir le lagú, aithnítear caillteanas bearnaithe sa Ráiteas Ioncaim Chuimsithigh.

I gcás sócmhainní airgeadais arna dtomhas ag costas amúchta, déantar an caillteanas bearnaithe a thomhas mar an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus luach reatha na sreafaí airgid measta arna lascainiú ag ráta úis éifeachtúil bunaidh na sócmhainne. Má tá ráta athraitheach úis ag sócmhainn airgeadais, is é an ráta lascaine chun aon chaillteanas lagaithe a thomhas ná an ráta úis éifeachtach reatha arna chinneadh faoin gconradh.

Maidir le sócmhainní airgeadais arna dtomhas ag costas lúide lagú, tomhaistear an caillteanas lagaithe mar an difríocht idir suim ghlanluacha sócmhainne agus an meastachán is fearr, arb ionann é agus neastachán ar an méid a gheobhadh an Chuideachta don tsócmhainn dá ndíolfáí í ar dháta an chláir chomhardaithe.

Déantar sócmhainní agus dlíteanais airgeadais a fhritháireamh, agus an glanmhéid a thuairiscítear sa Chlár Comhardaithe nuair a bhíonn ceart infheidhmithe ann na méideanna aitheanta a fhritháireamh agus nuair a bhíonn sé ar intinn socrú ar bhonn glan nó an tsócmhainn a réadú agus an dlíteanas a shocrú go comhuaineach.

### 2.22. Díbhinní

Aithnítear díbhinní cothromais nuair a bhíonn siad iníoctha go dleathach.

**CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR  
CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

**BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)**

**2.23. Fabhrú pá saoire**

Aithnítear dliteanas chomh fada le haon teidlíocht pá saoire nár úsáideadh, a fhabhraítear ar dháta an Chláir Chomhardaithe agus a thugtar ar aghaidh chuig tréimhsí amach anseo. Déantar é seo a thomhas ag costas tuarastail neamhlascainithe na teidlíochta saoire sa todhchaí a fhabhraítear ar dháta an Chláir Chomhardaithe.

## **CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

### **BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (AR LEAN)**

#### **2.24. Forálacha le haghaidh dlíteanais**

Déantar forálacha i gcás inar tharla teagmhas a thugann oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe don Ghrúpa ar dócha go dteastaíonn socrú uaidh trí aistriú sochair eacnamaíoch, agus is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Gearrtar soláthairtí mar speansas ar an gCuntas Brabúis agus Cailteanais sa bhliain a dtagann an Grúpa ar an eolas faoin oibleagáid, agus déantar iad a thomhas ag an meastachán is fearr ar dháta an Chláir Chomhardaithe ar an gcaiteachas is gá chun an oibleagáid a réiteach, ag cur rioscaí agus neamhchinnteachtaí ábhartha san áireamh.

Nuair a dhéantar íocaíochtaí faoi dheireadh, gearrtar iad ar an soláthar a thugtar sa Chlár Comhardaithe.

**CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR  
CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

**CUNTAS BRABÚIS & CAILLTEANAIS CHOMHDHLÚITE**

	Nóta	2022 €	2021 €
Láimhdeachas	2(a)	15,892,995	16,010,232
Costais oibriúcháin	2(b)	(6,891,004)	(6,829,039)
<b>Brabús comhlán</b>		<b>9,001,991</b>	<b>9,181,193</b>
Costais riaracháin	2(b)	(3,540,972)	(3,561,544)
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe	13(a)	(1,035,982)	(149,780)
<b>Brabús oibriúcháin</b>		<b>4,425,037</b>	<b>5,469,869</b>
Ús iníoctha agus muirir chomhchosúla	4	(159,113)	(150,756)
Costas maoinithe eile	19(b)	(46,000)	(56,000)
Brabús as sócmhainní seasta a dhíol	10	12,400	-
<b>Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas</b>	6	<b>4,232,324</b>	<b>5,263,113</b>
Cánachas ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	7	(850,516)	(691,552)
Brabús inchurtha i leith an scairshealbhóra		<b>3,381,808</b>	<b>4,571,561</b>

Tá na nótaí ar leathanaigh 49 – 66 mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta seo.

**CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR  
CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

**RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM CUIMSITHEACH**

	Nóta	2022 €	2021 €
Brabús don bhliain		3,381,808	4,571,561
Toradh achtúireach lúide an toradh ionchais ar shócmhainní scéime Pinsin	19(b)	(3,201,000)	2,062,000
Taithí (cailteanas) ag ardú ar dhliteanas na scéime pinsin	19(b)	315,000	(397,000)
Athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha	19(b)	5,375,000	1,158,000
Cáin iarchurtha a bhaineann le cailteanas achtúireach		(311,125)	(352,875)
<b>GNÓTHACHAIN AITHEANTA IOMLÁNA</b>		<b>5,559,683</b>	<b>7,041,686</b>

Tá na nótaí ar leathanaigh 49 – 66 mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta seo.

**CUIDEACHTA PHORT NA SIONAINNE AGUS FHAINGE - DON BHLIAIN AIRGEADAIS DÁR  
CRÍOCH 31 NOLLAIG 2022**

**CLÁR COMHARDAITHE COMHDHLÚITE**

	Nóta	2022 €	2021 €
<b>Sócmhainní seasta</b>			
Sócmhainní inláimhsithe	11(a)	61,778,870	55,630,360
